An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí

Legal Services Regulatory Authority

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024



Neamhspleáchas

Nuálaíocht

Cosaint do Thomhaltóirí

Trédhearcacht agus Cuntasacht

## IS Í SEO ÁR BHFÍS:

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (ÚRSD) a fhorbairt ina chomhlacht rialála atá éifeachtúil, éifeachtach agus cuntasach agus a bhfuil an cumas aige leas an phobail agus leasanna tomhaltóirí seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn agus, ag an am céanna, gairm dlí atá neamhspleách, láidir agus iomaíoch agus a chloíonn le hardchaighdeáin ghairmiúlachta agus ionracais a spreagadh.

## IS É SEO ÁR MISEAN:

An soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí a rialáil agus a chinntiú go ndéanfar caighdeáin a chothabháil agus a fheabhsú sa dóigh a soláthraítear seirbhísí dlí sa Stát.

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí
Legal Services Regulatory Authority

# CLÁR ÁBHAR


**1. RÉAMHRÁ**

Cé Sinn, Na Nithe a Dhéanaimid, Ár gCuspóirí 5
Brollach ón gCathaoirleach 8
Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin 10
Plean Straitéiseach 2022-2025 14
2024 ar Sracfhéachaint 16

**2. CONAS A RIALÁLAIMID**

Gearáin, Imscrúduithe agus Réitigh 18
Seirbhísí Dlí, Tobhach agus Clárúchán 30

**3. CONAS A DHÉANAIMID CAIDREAMH AGUS A NUÁLAIMID**

Tuarascálacha Taighde agus Moltaí 36
Cumarsáid agus Caidreamh 40

**4. RIALACHAS AGUS BAINISTÍOCHT**


Comhaltaí den Údarás 44
Struchtúr an Údaráis 48
Gníomhaíochtaí an Údaráis 50
Socruithe Rialachais 54
Forbairtí Eagraíochta 61
An Fhoireann Ardbhainistíochta 67

**AGUISÍNÍ**

Aguisín 1: Príomhghníomhaíochtaí sa bhliain 2024 70

# ÁR LUACHANNA

Is iad bunluachanna a threoraíonn obair ÚRSD mar chomhlacht seirbhíse poiblí:




## Tuarascáil Bhliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí an 1 Deireadh Fómhair 2016 faoi Chuid 2 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015.

Déantar an Tuarascáil Bhliantúil seo ar chomhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis sa bhliain 2024 chuig an Aire Dlí agus Cirt agus chuig an gComhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart de réir alt 21(1) den Acht. Cumhdaítear leis an tuarascáil seo an tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024.

Faoi alt 21(1) den Acht, ní mór an Tuarascáil Bhliantúil seo a dhéanamh tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán gach bliain. Is í seo an naoú Tuarascáil Bhliantúil ó ÚRSD.





# 1. RÉAMHRÁ

## Cé Sinn

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (an tÚdarás) an 1 Deireadh Fómhair 2016 faoi Chuid 2 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (an tAcht).

Tá an tÚdarás comhdhéanta de 11 chomhalta arna gceapadh de réir alt 9 den Acht. Ceapann an Rialtas na comhaltaí den Údarás tar éis ainmniúcháin a fháil ó na deich n-eagraíocht seo a leanas:

- An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
- An tÚdarás um Ard-Oideachas (Higher Education Authority)
- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
- Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
- Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí
- Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann
- Comhairle an Bharra (Barra na hÉireann anois)
- An Bord um Chúnamh Dlíthiúil
- Cumann Onórach Óstaí an Rí
- Dlí-Chumann na hÉireann

Ainmníonn na comhlachtaí ainmniúcháin duine amháin acu an ceann lena cheapadh nó lena ceapadh chuig an Údarás, cé is moite den Dlí-Chumann, a cheapann beirt acu lena gceapadh. Dearadh an próiseas ainmniúcháin sin chun neamhspleáchas an Údaráis a chinntiú agus, ag an am céanna, cothromaíocht inscne agus leasanna a bhaint amach idir dlí-chleachtóirí agus tomhaltóirí. Tá tromlach agus cathaoirleach tuata ag an Údarás. Ceanglaítear ar an Údarás leis an Acht bheith neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

Le linn dó duine a cheapadh mar chomhalta den Údarás, ní mór gur deimhin leis an Rialtas go bhfuil eolas agus saineolas aige nó aici ar cheann amháin ar a laghad de na nithe seo a leanas:

- seirbhísí dlí a sholáthar;
- an t-oideachas dlí agus an oiliúint dlí;
- dlí agus beartas iomaíochta;
- caighdeáin a chothabháil i ngairmeacha arna rialáil ag comhlacht reachtúil;
- déileáil le gearáin i gcoinne comhaltaí de ghairmeacha arna rialáil ag comhlacht reachtúil;
- ábhair ghnó agus thráchtála;
- riachtanais tomhaltóirí seirbhísí dlí.

Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Rúnaí don Údarás agus foireann ÚRSD a chuireann feidhm feidhmiúcháin ÚRSD i gcrích. Is é an Dr Brian Doherty an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus is é Ultan Ryan an Rúnaí.

## Na Nithe a Dhéanaimid

Cuirtear de chúram ar an Údarás um Rialáil Seirbhísí Dlí soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí a rialáil agus a chinntiú go ndéanfar caighdeáin maidir le soláthar na seirbhísí sin sa Stát a chothabháil agus a fheabhsú.

Tá aon fheidhm déag ag an Údarás faoi alt 13 den Acht. Is iad sin:

1. **Soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí a rialáil agus a chinntiú go ndéanfar caighdeáin maidir le soláthar na seirbhísí sin sa Stát a chothabháil agus a fheabhsú.**
2. **Na nithe seo a leanas a choimeád faoi athbhreithniú, agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire ina leith:**
   - **i)** **na ceanglais maidir le glacadh atá ag an Dlí-Chumann, ag Comhairle an Bharra agus ag Cumann Onórach Óstaí an Rí;**
   - **ii)** **infhaighteacht agus cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear oiliúint leanúnach le haghaidh ghairmeacha na n-aturnaetha agus na n-abhcóidí;**
   - **iii)** **beartais i ndáil le daoine a ghlacadh agus/nó beartais an Dlí-Chumainn, Chomhairle an Bharra agus Chumann Onórach Óstaí an Rí i ndáil le daoine do theacht chun bheith i dteideal cleachtadh;**
   - **iv)** **cóid ghairmiúla;**
   - **v)** **mar a eagraítear soláthar seirbhísí dlí sa Stát.**
3. **Faisnéis a scaipeadh maidir leis na ceanglais oideachais agus chreidiúnaithe agus na nithe eile dá dtagraítear thuas a mhéid is cuí leis an Údarás.**
4. **An cineál agus na leibhéil íosta árachais slánaíochta gairmiúla a shonrú de réir an Achta.**
5. **Córas iniúchta ar dhlí-chleachtóirí a bhunú agus a riaradh chun críocha an Achta.**
6. **Gearáin i gcoinne dlí-chleachtóirí a ghlacadh agus a imscrúdú.**
7. **Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a chothabháil.**
8. **Feasacht an phobail a chur chun cinn agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal maidir le seirbhísí dlí, lena n-áirítear costas na seirbhísí sin.**
9. **An tAire a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí maidir le soláthar seirbhísí dlí agus moltaí a dhéanamh chun cuidiú leis an Aire chun beartas a chomhordú agus a fhorbairt.**
10. **Taighde agus gníomhaíochtaí eile maidir le soláthar seirbhísí dlí a ghabháil de láimh, a choimisiúnú, nó cúnamh a thabhairt ina leith, is taighde agus gníomhaíochtaí eile a fhéadfaidh feabhsú ar chaighdeáin le haghaidh sholáthar na seirbhísí sin agus feasacht an phobail ina dtaobh a chur chun cinn, agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire.**
11. **Aon fheidhmeanna eile a thugtar dó leis an Acht seo nó le rialacháin arna ndéanamh faoi a chomhlíonadh.**





## Ár gCuspóirí

Leagtar amach san Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, sé chuspóir reachtúla de chuid an Údaráis, arb iad ár bprionsabail oibriúcháin iad go bunúsach. Is iad sin:

1. **Leas an phobail a chosaint agus a chur chun cinn.**
2. **Tacú le riaradh cuí éifeachtach an cheartais.**
3. **Leasanna tomhaltóirí a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn.**
4. **An t-iomaíochas a chur chun cinn i soláthar seirbhísí dlí sa Stát.**
5. **Gairm dlí neamhspleách láidir éifeachtach a spreagadh.**
6. **Comhall na bprionsabal gairmiúil do dhlí-chleachtóirí a shonraítear san Acht a chur chun cinn agus a chothabháil.**

## An Tuarascáil Seo

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, leagtar amach feidhmíocht ÚRSD sa bhliain 2024 i gcomparáid leis na tosaíochtaí sa **Phlean Straitéiseach 2022-2025** uaidh.

## GIORRÚCHÁIN AGUS TÉARMAÍ A ÚSÁIDTEAR SA TUARASCÁIL SEO

**Dlí-Chleachtóir:** Aturnae cleachtach nó abhcóide cleachtach (lena n-áirítear iaraturnae nó iarabhcóide agus gnólacht aturnaetha).

**CDanna:** Comhpháirtíochtaí Dlí

**LPDT:** An Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí

**ÚRSD:** An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí

**CDTanna:** Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta

**An tAcht:** An tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (arna leasú)

**Probháid:** An próiseas ina ndéantar iarratas chuig an gcúirt ar dheonú lena dtugtar teidlíocht do dhuine nó do dhaoine chun eastát duine éagtha a riar.

**Gealltanas:** Gealltanas, atá ina cheangal dlí, chun rud éigin a dhéanamh nó gan rud éigin a dhéanamh. I gcomhthéacs gearán, is comhaontuithe sonracha iad atá deimhnithe i scríbhinn ag aturnaetha.

**Mainneachtain tabhairt ar láimh:** Mainneachtain comhaid, gníomhais teidil, etc., a thabhairt ar láimh nuair atá siad ag teastáil.

**Mainneachtain cuntas a thabhairt:** Neamhghníomh ag dlí-chleachtóir cuntais chuí iomlána a thabhairt ar airgead arna shealbhú agus arna fháil.

**Mainneachtain táillí abhcóide a íoc:** Íocaíocht gan a bheith déanta ag aturnae le habhcóide i leith a tháillí nó a táillí (i gcás go ndearna an cliant íocaíocht leis an aturnae), nó a dhícheall nó a dícheall gan a bheith déanta ag aturnae chun táillí atá dlite d'abhcóide ag a chliant nó a cliant a ghnóthú.

# BROLLACH ÓN gCATHAOIRLEACH

Thar ceann an Údaráis, tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil seo ón Údarás Rialála Seirbhísí Dlí a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart de réir alt 21(1) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015.

**Tom Boland**



Is í seo an naoú tuarascáil bhliantúil ó ÚRSD ó bunaíodh é i leith agus is í an chéad tuarascáil bhliantúil ó ceapadh mé mar Chathaoirleach ar an Údarás i leith í. Sa tréimhse ghearr ó ceapadh mé, is nithe a chuir iontas orm iad fairsinge an tsainchúraim atá ar ÚRSD, an méid ollmhór atá bainte amach ag an eagraíocht ó bunaíodh í agus ualach oibre dúshlánach leanúnach na heagraíochta.

Go deimhin, léirítear sa tuarascáil seo ina leagtar amach an obair a rinneadh sa bhliain 2024 an t-ualach oibre dúshlánach agus an sainchúram leathan atá ar chomhlacht rialála atá ina chomhlacht beag fós. Cumhdaítear sa tuarascáil an obair a rinne ÚRSD maidir le próiseáil agus imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin ar fud na bliana, maidir le samhail nua soláthair seirbhísí dlí a thabhairt isteach, agus maidir le roinnt tuarascálacha taighde mionsonraithe a sholáthar go rathúil ar ábhair éagsúla ina ndéantar moltaí suntasacha le haghaidh athchóirithe.

Chun na torthaí sin a bhaint amach, bímid ag brath go mór ar rannpháirtíocht agus tacaíocht ár ngeallsealbhóirí, lena n-áirítear an tAire Dlí agus Cirt, oifigigh na Roinne agus na trí chomhlacht ghairmiúla, mar atá an Dlí-Chumann, Cumann Onórach Óstaí an Rí agus Barra na hÉireann. Gabhaim buíochas leo as a rannpháirtíocht dhearfach agus as a dtacaíocht. Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt do cheannaireacht an Dr Brian Doherty, ár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus don obair iontach a rinne seisean agus an coiste feidhmiúcháin, agus buíochas an Bhoird a chur in iúl as an méid sin.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom a chur in iúl go bhfuilim buíoch den Dr Don Thornhill, an chéad Chathaoirleach ar ÚRSD agus mo réamhtheachtaí, agus de Eileen Barrington SC, de Angela Black, de Geraldine Clarke SC, de Joan Crawford agus de Dermott Jewell, comhghleacaithe leis, as an gceannaireacht agus an treoir a sholáthair siad ar feadh ocht mbliana, rud a chuir ar chumas ÚRSD dul chun cinn chomh mór sin a dhéanamh i dtréimhse ghearr ama.

Bhunaigh siadsan agus a gcomhghleacaithe ar an Údarás bunsraith fhónta do ÚRSD agus thóg siad eagraíocht láidir chobhsaí atá in ann a hualach oibre dúshlánach a chomhlíonadh bliain i ndiaidh bliana. Is fúmsa agus faoi mo chomhghleacaithe ar an Údarás atá sé anois a gcuid oibre agus ratha a thabhairt ar aghaidh, agus muid ag obair i ndlúthchomhar leis an gcoiste feidhmiúcháin.

**Tom Boland**
**Cathaoirleach**

> **Sa tréimhse ghearr ó ceapadh mé, is nithe a chuir iontas orm iad fairsinge an tsainchúraim atá ar ÚRSD, an méid ollmhór atá bainte amach ag an eagraíocht ó bunaíodh í agus ualach oibre dúshlánach leanúnach na heagraíochta.**

# RÉAMHRÁ ÓN bPRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN

Agus an tuarascáil bhliantúil seo ina ndéantar machnamh ar ár ngníomhaíochtaí sa bhliain 2024, arb í an naoú tuarascáil bhliantúil ó ÚRSD í, á hullmhú againn, bhí sé soiléir cé chomh dúshlánach agus a bhí an bhliain 2024 maidir leis an ualach oibre agus maidir le cá mhéad atá bainte amach ag eagraíocht atá fós ina heagraíocht sách beag.

### An Dr Brian J. Doherty



Thugamar isteach an creat rialála le haghaidh samhail nua soláthair seirbhísí dlí, chuireamar tuarascálacha taighde ríthábhachtacha faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt ar thopaicí éagsúla, rinneamar machnamh ar an gcomóradh cúig bliana ó thosaigh ÚRSD ag láimhseáil gearán faoi aturnaetha agus faoi abhcóidí, agus d'fheidhmíomar ár gcumhachtaí iniúchta den chéad uair riamh.

Ba bhliain shuntasach í do chomhaltaí den Údarás iad féin freisin. D'éirigh an Dr Don Thornhill, an chéad Chathaoirleach ar an Údarás, as an ról i mí Mheán Fómhair 2024. Chuaigh Eileen Barrington SC, Angela Black, Geraldine Clarke SC, Joan Crawford agus Dermott Jewell, comhaltaí eile den Údarás, as oifig leis freisin. Bhí seirbhís ocht mbliana san iomlán curtha i gcrích ag gach duine díobh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Dr Don Thornhill as a chuid tacaíochta agus ceannaireachta. Stiúir sé an tÚdarás agus é ag comhlíonadh an mhisin dhúshlánaigh atá aige an soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí a rialáil agus a chinntiú go ndéanfar caighdeáin a chothabháil agus a fheabhsú sa dóigh a soláthraítear seirbhísí dlí sa Stát. Bhí sé ina onóir dom fónamh mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin le linn théarma an Dr Thornhill mar Chathaoirleach. Ceapadh an Dr Tom Boland, Cathaoirleach nua ÚRSD, i mí na Nollag 2024.

> "Tá áthas orm a thuairisciú gurbh amhlaidh, don tríú bliain as a chéile, a bhí méadú ann sa líon iomlán gearán a dúnadh. Dúnadh 1,474 ghearán sa bhliain."





## Méadú sa láimhseáil gearán

Cumhdaítear sa tuarascáil seo an cúigiú bliain iomlán a bhí ÚRSD ar an gcomhlacht neamhspleách láimhseála gearán le haghaidh gearáin faoi aturnaetha agus faoi abhcóidí.

I gcomparáid leis an mbliain roimhe, tháinig méadú 14% ar an líon gearán a fuarthas sa bhliain, agus é cothrom le 1,476 gearán. B'ionann an líon agus 1,290 gearán sa bhliain 2023. An chúis ba mhó leis sin ba ea an t-ardlíon gearán ó bhainc i ndáil le mainneachtainí ag aturnaetha cloí le gealltanais. Ar ndóigh, cruthaíonn méaduithe sa líon gearán dúshláin maidir le hacmhainniú agus maidir lenár seirbhísí a sholáthar ar bhealach tráthúil.

Léirítear an athuair sa mhiondealú ar na cineálacha gearán a fuarthas go bhfuil treocht chomhsheasmhach ann, áit a mbaineann formhór na ngearán le mí-iompar líomhnaithe agus a mbaineann an líon is mó gearán ina dhiaidh sin le seirbhísí neamhdhóthanacha dlí agus le costais iomarcacha (róghearradh táillí).

Tá áthas orm a thuairisciú gurbh amhlaidh, don tríú bliain as a chéile, a bhí méadú ann sa líon iomlán gearán a dúnadh. Dúnadh 1,474 ghearán sa bhliain. Tagann an t-ardráta dúnta gearán sin go díreach as iarrachtaí marthanacha dírithe fhoireann ÚRSD agus chomhaltaí a choistí rialála, a fhéachann le feabhas a chur ar éifeachtúlachtaí agus le próisis láimhseála gearán a bheachtú.

Is ard go seasta fós atá an líon gearán a réitítear idir na páirtithe. Tuigeann ÚRSD, ar ndóigh, nach mbeadh réiteach neamhfhoirmiúil ina réiteach oiriúnach i gcás gach cineáil gearáin. Is seirbhís shábháilte, rúnda agus dheonach í ár seirbhís idirghabhála, agus is féidir linn a fheiceáil ón bhfianaise gur féidir le réiteach neamhfhoirmiúil a bheith ina bhealach an-éifeachtach an-éifeachtúil don dá pháirtí chun obair trína gcuid fadhbanna nó díospóidí.

Rud nach raibh chomh dearfach céanna ba ea go raibh ar ÚRSD imeachtaí forfheidhmiúcháin cúirte a thionscnamh in aghaidh dlí-chleachtóirí i líon méadaithe cásanna sa bhliain 2024. Deonaíodh 18 n-ordú Ard-Chúirte san iomlán sa bhliain 2024, i gcomparáid le 11 ordú Ard-Chúirte sa bhliain 2023. Déanann ÚRSD na hiarratais sin chun comhlíonadh ag dlí-chleachtóirí a fhorfheidhmiú i gcás go mbeidh ordachán tugtha ag ÚRSD tar éis gearáin. Níor cheart do ÚRSD aon ghá a bheith aige le dul chun na hArd-Chúirte chun iallach a chur ar dhlí-chleachtóirí cloí le hordachán óna rialálaí. Is am agus airgead é sin a d'fhéadfaí a chaitheamh ar bhealach níos fearr ar ghníomhaíochtaí eile.

I réimsí eile, chonaic ÚRSD méaduithe sa líon iarratas a rinneadh chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí agus d'fháiltigh sé roimh fhoilsiú a chéad fhionnachtana ag an mBinse. Ag an deireadh ar fad, bhí méadú ann freisin sa bhliain sa ghníomhaíocht ar thug an Coiste um Ghearáin fúithi, ar coiste é a bunaíodh sa bhliain 2020 chun gearáin faoi mhí-iompar líomhnaithe a imscrúdú. Shuigh an Coiste um Ghearáin níos mó uaireanta ná mar a rinne sé in aon bhliain roimhe agus dhún sé 327 ngearán san iomlán sa bhliain, suas ó 233 ghearán sa bhliain 2023.

## Moltaí le haghaidh Deireadh a Chur le Bacainní, agus obair cur chun feidhme

Ceann de na mór-gharspriocanna agus de na mór-éachtaí sa bhliain ba ea gur foilsíodh sraith moltaí mionsonraithe i mí Mheán Fómhair le haghaidh athchóirithe chun déileáil leis na bacainní eacnamaíocha agus eile a mbíonn aturnaetha agus abhcóidí atá ag teacht chun cinn agus atá tar éis a ngairm a thosú ag déileáil leo. Tháinig na moltaí sin sna sála ar chlár taighde ilbhliantúil fairsing a rinne ÚRSD, agus é ag baint leas as cúnamh agus ionchur ó roinnt príomh-ghealllsealbhóirí.

Bhí 32 mholadh ann sna tuarascálacha *'Breaking Down Barriers'* le haghaidh athchóirithe chun cothromas rochtana agus iontrála sna gairmeacha dlí a fheabhsú agus chun éagsúlacht laistigh de na gairmeacha a mhéadú. Ar na moltaí bhí athchóirithe chun conairí chuig cáiliú a oscailt suas, chun na costais a bhaineann le dul isteach sna gairmeacha dlí a laghdú, chun aghaidh a thabhairt ar an gcultúr san áit oibre, agus chun éagsúlacht agus cuimsiú a mhéadú.

Bhí áthas ar ÚRSD gur fháiltigh an tAire Dlí agus Cirt roimh na tuarascálacha agus na moltaí agus gur iarr an tAire Plean Cur Chun Feidhme mionsonraithe, rud a d'fhoilsíomar i mí Dheireadh Fómhair 2024. Réitigh sé sin an bealach do bhunú a dhéanamh ar Ghrúpa Oibre Cur Chun Feidhme um Dheireadh a Chur le Bacainní. Is Grúpa Oibre il-gheallsealbhóra é sin a bhfuil ionadaithe ó Dhlí-Chumann na hÉireann, ó Bharra na hÉireann agus ó Chumann Onórach Óstaí an Rí mar chuid de. Tá ÚRSD thar a bheith buíoch as an gcabhair.

## Moltar iomaíocht agus trédhearcacht sa tuarascáil ar thíolacadh

I mí Aibreáin 2024, d'fhoilsigh ÚRSD tuarascáil saineolaithe neamhspleácha agus rinne sé moltaí le haghaidh athchóirithe chun iomaíocht a fheabhsú agus chun éifeachtúlachtaí agus trédhearcacht a mhéadú i soláthar seirbhísí tíolactha chun dul chun tairbhe do thomhaltóirí. Tugadh na moltaí sin sa tuarascáil ón Údarás dar teideal *'Consideration of a new profession of conveyancer: Report to the Minister for Justice'*. Rinne ÚRSD moltaí a bhí ceaptha chun an córas tíolactha a dhigitiú agus chun úsáid níos mó as an teicneolaíocht a chinntiú; chun ceanglais trédhearcachta feabhsaithe a thabhairt isteach d'aturnaetha maidir le costais seirbhísí tíolactha; agus chun feasacht a mhéadú i measc tomhaltóirí chun go mbeidh siad in ann cinntí eolacha a dhéanamh agus seirbhísí tíolactha á lorg acu ó aturnaetha.

Tar éis fhoilsiú na tuarascála, bhí áthas ar ÚRSD cuireadh a fháil chun rannchuidiú leis an obair thábhachtach a bhí ar bun ag an nGrúpa Oibre um Thithíocht do Chách a Chur Chun Feidhme de chuid Roinn an Taoisigh.

## Is bagairt ar thomhaltóirí iad gnólachtaí dlí bréige

Sa bhliain 2024, bhí cúis ag ÚRSD le fógraí rabhaidh phoiblí a eisiúint faoi chúig ghnólacht dlí Éireannacha neamhrialáilte nó "bréige". Chruthaigh na gnólachtaí bréige sin suíomhanna Gréasáin ar ar mhaígh siad gur fíordhlíodóirí cleachtacha Éireannacha iad. Ina ionad sin, áfach, bhí siad páirteach i ngníomhaíocht chalaoiseach a bhí ag spriocdhíriú den chuid is mó ar dhaoine den diaspóra Éireannach. Is eol do ÚRSD gur chabhraíomar le cosc a chur ar dhaoine den phobal caidreamh a dhéanamh leo agus suimeanna móra airgid a chailleadh trí chalaois trí rabhadh a thabhairt do thomhaltóirí faoi na gnólachtaí dlí bréige sin sna meáin náisiúnta agus réigiúnacha.

## An creat rialála um Chomhpháirtíochtaí Dlí

Mór-éacht eile de chuid ÚRSD sa bhliain 2024 ba ea tabhairt isteach an chreata rialála lena gceadaítear do chomhpháirtíochtaí dlí seirbhísí dlí a sholáthar. D'fhág sé sin gurbh amhlaidh den chéad uair riamh a bhí aturnaetha in ann dul isteach i gcomhpháirtíocht le habhcóidí agus a bhí abhcóidí in ann comhpháirtíochtaí a chruthú le habhcóidí eile freisin. Ba é a bhí i gceist leis an gcreat nua a thabhairt isteach roinnt ionstraimí rialála a dhréachtú, lena n-áirítear, den chéad uair riamh, Cód Cleachtais d'Abhcóidí Cleachtacha chomh maith le próiseas um fhógra a thabhairt a thabhairt isteach agus le clár comhpháirtíochtaí dlí a fhoilsiú. Seoladh comhpháirtíochtaí dlí go hoifigiúil ag ócáid sa Ghailearaí Náisiúnta, áit a raibh an Breitheamh Onórach Michael Twomey mar aoichainteoir againn. I mí na Samhna, tháinig Simmons & Simmons (Ireland) LLP chun bheith ar an gcéad chomhpháirtíocht dlí sa Stát riamh.





## For-rochtain agus buíochas

Bliain ghnóthach eile maidir le caidreamh le geallsealbhóirí a bhí sa bhliain faoi athbhreithniú. Bhí ríméad ormsa agus ar mo chomhghleacaithe sinsearacha labhairt go díreach le dlí-chleachtóirí agus le dlí-chleachtóirí a bhí ag teacht chun cinn ag roinnt imeachtaí agus fóram. Gabhtar buíochas ar leith le Comhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath as a chúnamh maidir le seimineár Gréasáin faisnéise comhpháirteach a eagrú ar phróiseas gearán ÚRSD, agus gabhtar buíochas ar leith le Dlí-Chumann na hÉireann agus le Cumann Onórach Óstaí an Rí as cuireadh a thabhairt do chainteoirí ó ÚRSD láithreoireachtaí a thabhairt ag roinnt imeachtaí.

Chomh maith leis sin, chuaigh ÚRSD faoi bhealaí nua chun teagmháil a dhéanamh le dlí-chleachtóirí agus le tomhaltóirí araon sa bhliain 2024. Rinneamar sraith físeán beoite a léiriú chun gnéithe den phróiseas gearán a mhíniú agus cuireadh suas iad ar ár gcainéal ar YouTube. Chomh maith leis sin, d'óstáil ÚRSD an chéad seimineár Gréasáin uaidh riamh ar thopaic na gComhpháirtíochtaí Dlí.

Rinneadh caidreamh suntasach ar fud na bliana ar ár gcuid taighde agus tuarascálacha ar Dheireadh a Chur le Bacainní. Gabhaim buíochas le lucht bainistíochta agus foireann an Dlí-Chumainn, Bharra na hÉireann agus Chumann Onórach Óstaí an Rí as a spéis agus rannpháirtíocht leanúnach san obair sin agus as an obair leanúnach a dhéanann siad chun feabhsuithe a bhrú chun cinn in oiliúint dlí-chleachtóirí agus i soláthar seirbhísí dlí.

Mar fhocal scoir, agus faoi mar a rinneadh i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, ba mhaith liom an deis seo a thapú freisin buíochas ó chroí a ghabháil leis an bhfoireann bheag dhícheallach in ÚRSD agus aitheantas ó chroí a thabhairt di. Teastaíonn comhbhá, foighne agus tuiscint chun an obair dheacair a dhéanann foireann ÚRSD a dhéanamh, agus is minic is gá an obair sin a dhéanamh go tapa agus le linn déileáil le tosaíochtaí atá in iomaíocht le chéile.

Is eol do bhaill foirne ÚRSD go mbíonn tionchar ag a gcuid oibre ar dhlí-chleachtóirí agus ar thomhaltóirí, agus tugann siad an-aird ar a bhfreagrachtaí agus ar a ról. Is mór an chreidiúint dóibh go léir go leanann siad ar aghaidh ag obair le tiomantas agus le díograis, agus áit oibre atá tacúil agus comhghleacúil á cruthú acu ag an am céanna.

Bím buíoch ó chroí díobh as an obair dhícheallach a dhéanann siad agus as an dóigh dhearfach a ndéanann siad í.


**An Dr Brian J. Doherty**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

# PLEAN STRAITÉISEACH 2022-2025

Sa Phlean Straitéiseach don tréimhse 2022-2025, leagtar trí thosaíocht straitéiseacha síos do ÚRSD. Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, leagtar amach feidhmíocht ÚRSD i gcomparáid leis na tosaíochtaí sin le linn na bliana 2024.

Tá na tosaíochtaí straitéiseacha seo mar bhonn lenár gcuid oibre sna réimsí seo a leanas:

- Gearáin, Imscrúduithe agus Réitigh
- Seirbhísí Dlí, Tobhach agus Clárúchán
- Taighde agus Tuairisciú
- Cumarsáid agus Caidreamh
- Rialachas agus Bainistíocht








## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 1

### Éifeachtúlacht Oibríochtúil agus Soláthar Seirbhíse a Fheabhsú

Breiseoimid éifeachtúlacht oibriúcháin chun ár gcroí-oibríochtaí rialála agus ár gcroísheirbhísí rialála a sholáthar ar bhealach éifeachtach neamhspleách agus de réir caighdeáin shainaitheanta thagarmharcáilte.

## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 2

### Caighdeáin Ghairmiúla a Chur Chun Cinn agus Nuálaíocht a Spreagadh

Cuirfimid caighdeáin ghairmiúla chun cinn agus spreagfaimid nuálaíocht agus dul chun cinn san oideachas agus san oiliúint, i samhlacha gnó um chleachtas dlí, i nglacadh sa ghairm dlí, sa rochtain ar cheartas agus i gcosaint tomhaltóirí.

## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 3

### Feasacht a Mhéadú trí Chumarsáid agus trí Chaidreamh

Cuirfimid feabhas ar an bhfeasacht ar ghníomhaíochtaí agus seirbhísí rialála ÚRSD agus ar shaincheisteanna eile atá ábhartha don earnáil seirbhísí dlí trí chumarsáid bhreisithe agus caidreamh breisithe leis an bpobal, le dlí-chleachtóirí agus le geallsealbhóirí eile.

# 2024 AR SRACFHÉACHAINT

**2,820**
CEANN DE GHLAONNA TEILEAFÓIN AGUS DE RÍOMHPHOIST INAR IARRADH FAISNÉIS AGUS/NÓ FOIRMEACHA GEARÁIN




**1,476** AN LÍON GEARÁN A FUARTHAS

**1,410** AN LÍON GEARÁN A BHAIN LE HATURNAETHA

**66** AN LÍON GEARÁN A BHAIN LE HABHCÓIDÍ

**14%** AN MÉADÚ SA LÍON GEARÁN

**1,474** AN LÍON GEARÁN A DÚNADH

**324** AN LÍON GEARÁN A RÉITÍODH (22%)

**143** AN LÍON GEARÁN AR SEASADH LEO (10%)

**621** AN LÍON GEARÁN NEAMH-INGHLACTHA (41%)

## AN COISTE UM GHEARÁIN AGUS AN COISTE ATHBHREITHNITHE

**57** AN LÍON CRUINNITHE



**3,071**
AN LÍON ABHCÓIDÍ AR ROLLA NA nABHCÓIDÍ
MÉADÚ **20** DUINE Ó 2023

**2,134** AN LÍON ABHCÓIDÍ IS COMHALTAÍ DEN LEABHARLANN DLÍ

**937** AN LÍON ABHCÓIDÍ A BHÍ AG CLEACHTADH LASMUIGH DEN LEABHARLANN DLÍ

**26**
AN LÍON COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ DLITEANAIS THEORANTA (CDTANNA) A ÚDARAÍODH

**16** CINN I MBAILE ÁTHA CLIATH

**2** CHEANN I NGAILLIMH AGUS I LUIMNEACH ARAON

**509** AN LÍON IOMLÁN CDTANNA A ÚDARAÍODH Ó 2019 I LEITH

**142,322**
AN LÍON CUAIRTEOIRÍ AR AN SUÍOMH GRÉASÁIN, MAR AON LE 24,816 ÍOSLÓDÁIL UATHÚLA




CREAT RIALÁLA NUA UM CHOMHPHÁIRTÍOCHTAÍ DLÍ

Legal Partnerships
A new business structure for legal services providers

**1,915** AN LÍON LEANTÓIRÍ AR LINKEDIN
MÉADÚ **93%** Ó 2023

CUNTAS NUA YouTube ÚRSD

**3** AN LÍON FÍSEÁN TOMHALTÓIRÍ

**5** AN LÍON TUARASCÁLACHA REACHTÚLA

**6** AN LÍON COMHALTAÍ NUA DEN ÚDARÁS

# 2. CONAS A RIALÁLAIMID

## GEARÁIN, IMSCRÚDUITHE AGUS RÉITIGH

Is í seo an séú bliain inar thug ÚRSD tuairisc ar a ghníomhaíochtaí láimhseála gearán sa Tuarascáil Bhliantúil uaidh. Thosaigh ÚRSD ar ghearáin faoi aturnaetha agus abhcóidí a ghlacadh agus a imscrúdú an 7 Deireadh Fómhair 2019 tar éis thosach feidhme Chuid 6 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015.

Ba é 1,476 ghearán an líon gearán a fuarthas sa bhliain 2024, agus ba é 1,474 ghearán an líon gearán a dúnadh sa bhliain. De na gearáin san iomlán, bhain 1,410 gearán le haturnaetha agus bhain 66 ghearán le habhcóidí. Féadfar roinnt gearán a dhéanamh i gcoinne an aon dlí-chleachtóra amháin nó i gcoinne an aon ghnólachta dlí amháin.

B'ionann an líon gearán a fuarthas sa bhliain 2024 agus méadú 14% i gcomparáid leis an mbliain 2023, ar lena linn a fuarthas 1,290 gearán san iomlán. B'ionann an líon gearán a dúnadh sa bhliain 2024 agus 42 cheann níos mó ná an líon a dúnadh sa bhliain 2023, ar lena linn a dúnadh 1,432 ghearán san iomlán.

> Tá an ní seo réitithe go rathúil. Molaim bhur n-éifeachtúlacht. Go raibh maith agaibh.

### Na Cineálacha Gearán a n-imscrúdaíonn ÚRSD iad

Faoi Chuid 6 den Acht, féadfaidh ÚRSD trí chineál gearán nó trí fhoras gearán a ghlacadh agus a imscrúdú:

- gearáin á rá gur de chaighdeán neamhdhóthanach a bhí na seirbhísí dlí a soláthraíodh;
- gearáin á rá gurb iomarcach a bhí méid costas a bhí á iarraidh ag dlí-chleachtóir i leith seirbhísí dlí;
- gearáin á rá gurb ionann agus mí-iompar gníomh nó neamhghníomh ag dlí-chleachtóir faoin Acht.

Tá sainmhíniú leathan tugtha ar mhí-iompar san Acht agus áirítear leis aon ghníomh nó aon neamhghníomh a bhfuil calaois nó mímhacántacht i gceist leis nó ar dóigh dó míchlú a tharraingt ar an ngairm. Áirítear leis freisin soláthar seirbhísí dlí a bhí, go feadh méid substainteach, de chaighdeán neamhdhóthanach, nó costais atá thar a bheith iomarcach a iarraidh.

Ní fhéadfaidh ach cliant – nó duine atá ag gníomhú thar ceann cliaint – gearán a dhéanamh le ÚRSD i gcás go measfaidh an cliant gur de chaighdeán neamhdhóthanach a bhí na seirbhísí dlí a soláthraíodh nó gurb iomarcach a bhí an méid costas a iarradh (róghearradh táillí). Féadfaidh aon duine gearán a dhéanamh le ÚRSD faoi mhí-iompar líomhnaithe ag dlí-chleachtóir.





### Modh le haghaidh Gearáin a Thaifeadadh


Mar atá luaite thuas, féadfaidh ÚRSD trí chineál gearán nó trí fhoras gearán a ghlacadh agus a imscrúdú: gearáin faoi sheirbhísí neamhdhóthanacha dlí; gearáin faoi chostais iomarcacha (róghearradh táillí); agus gearáin faoi mhí-iompar. I ndáiríre, is minic a bhíonn roinnt forais dhifriúla le fáil san aon ghearán amháin. Mar shampla, is amhlaidh, i gcás gearán a bhaineann le seirbhísí neamhdhóthanacha dlí go príomha, is féidir leis an ngearánach a mheas freisin gur gearradh rótháille air nó uirthi. Mar an gcéanna, is amhlaidh, i gcás gearán faoi mhí-iompar líomhnaithe, is féidir leis an ngearánach a mheas freisin gur neamhdhóthanach a bhí na seirbhísí dlí a fuair sé nó sí. Tugtar gearáin mheasctha orthu sin.

Léirítear sa tuarascáil seo an dóigh a ndéantar gearáin aonair a thaifeadadh agus a rangú. Is amhlaidh, ó thús na bliana 2023 i leith, atá ÚRSD ag taifeadadh gach gearáin aonair mar ghearán a bhaineann le ceann amháin, dhá cheann nó na trí cinn uile de na forais reachtúla gearán i gcás gur cuí.

Tháinig sé sin in ionad an chórais roimhe, áit nach dtaifeadtaí gearán aonair ach amháin faoin bhforas príomha a cuireadh i láthair sa ghearán. Is é an aidhm atá leis an modh taifeadta nua níos sofaisticiúla ná léiriú níos fearr a thabhairt ar a chasta atá na gearáin a fhaigheann ÚRSD, ar gearáin iad nach dtagann faoi fhoras reachtúil amháin ina lán cásanna.

Athrú eile a tugadh isteach sa bhliain 2023 agus a ghabhtar sa tuarascáil seo freisin, baineann sé le conas a rangaíonn ÚRSD gearáin a dhéantar faoi na trí fhoras atá san Acht ina raon catagóirí mar chuid de phróiseas riaracháin a bhfuil mar aidhm leis ár dtuairisciú a éascú.

### CONAS IS FÉIDIR GEARÁN MEASCTHA A THAIFEADADH AGUS A RANGÚ



Is ann do 36 chatagóir san iomlán atá ar fáil. Taifeadtar gearáin faoi sheirbhísí agus faoi chostais de réir an réimse dlí atá i gceist, lena n-áirítear dlíthíocht, tíolacadh, probháid agus an dlí teaghlaigh. I gcás gearáin ina líomhnaítear mí-iompar, taifeadtar iad faoi chatagóirí a bhaineann le cineál an ghnímh nó an neamhghnímh is cúis leis an ngearán. Áirítear leo sin, mar shampla, calaois nó mímhacántacht nó mainneachtain cumarsáid a dhéanamh.

Go dtí an bhliain 2023, ní thaifeadtaí gearán aonair ach amháin mar ghearán a bhain le catagóir amháin. Mar shampla, ní thaifeadtaí gearán faoi sheirbhísí neamhdhóthanacha dlí ach amháin faoin dlí teaghlaigh, fiú i gcás go raibh probháid i gceist leis freisin. Mar an gcéanna, ní thaifeadtaí gearán aonair inar líomhnaíodh mí-iompar ach amháin faoi mhímhacántacht, fiú i gcás go raibh mainneachtain cumarsáid a dhéanamh i gceist leis freisin. Sa dá chás sin, ní dhéantaí ach an chomhpháirt phríomha a chatagóiriú agus a thaifeadadh.

Faoin gcóras taifeadta nua, rangaítear gearán aonair isteach i gcatagóir amháin nó níos mó de réir mar is cuí. Léirítear leis sin go gcuimsítear saincheist amháin nó níos mó, nó réimse dlí amháin nó níos mó, i ngearán aonair ina lán cásanna.

Leis an athrú sin, léirítear ar bhealach níos fearr a chasta atá na gearáin a fhaigheann ÚRSD. Fanann an líon gearán a dtugaimid tuairisc orthu mar a bhí sé, ach táimid in ann anois tuairisc a thabhairt ar na comhpháirteanna difriúla atá le fáil sna gearáin sin agus sonraí agus anailís níos fearr a thabhairt ar na saincheisteanna agus na réimsí dlí a mbaineann siad leo.

I dteannta a chéile, is é an toradh atá ar an dá athrú sin ná go dtugtar léargas níos cruinne ar an obair a dhéanann Oifigigh Gearán agus Réiteach ÚRSD agus an dá choiste rialála atá aige le linn dóibh gearáin a bhreithniú agus a imscrúdú. Leanfaidh ÚRSD de na sonraí a bhailíonn sé agus a dtugann sé tuairisc orthu a fheabhsú agus a bheachtú agus é ag comhlíonadh a chuspóirí reachtúla.

## Tuairisc a Thabhairt ar Ghearáin

Faoi alt 73 den Acht, ceanglaítear ar ÚRSD tuairisc a thabhairt ar fheidhmíocht a fheidhme gearán gach sé mhí. Foilsíodh dhá thuarascáil gearán sa bhliain 2024:

- **Tuarascáil 1-2024**, a foilsíodh an 26 Aibreán, **lenar cumhdaíodh an tréimhse ón 2 Meán Fómhair 2023 go dtí an 1 Márta 2024.**
- **Tuarascáil 2-2024**, a foilsíodh an 30 Deireadh Fómhair, lenar cumhdaíodh an tréimhse ón 2 Márta go dtí an 6 Meán Fómhair 2024.

Ós rud é nach bpléitear ach le gearáin sna tuarascálacha sin, déantar anailís níos mine ar staitisticí iontu ná mar a dhéantar anseo. Tá gach tuarascáil gearán ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD.

## Gearáin a Ghlacadh agus a Imscrúdú

Leagtar amach san Acht agus i Rialacháin ghaolmhara próisis reachtúla mhionsonraithe le haghaidh gearáin faoi dhlí-chleachtóirí a láimhseáil. Áirítear leo sin sraith spriocdhátaí reachtúla nach mór cloí leo.

Is é an chéad chéim de láimhseáil gearán go n-osclaítear comhaid mar fhiosruithe ar an gcéad dul síos. Iniúchann baill foirne sa rannóg gearán na comhaid sin ansin chun a chinneadh an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann fiosrú na critéir le haghaidh gearáin. Is ionann an próiseas sin agus céim thábhachtach den phróiseas láimhseála gearán. I roinnt cásanna, is féidir leis méid suntasach comhfhreagrais a chruthú idir baill foirne sa rannóg gearán agus gearánaigh. Tá sé mar aidhm leis an gcomhfhreagras sin mionsonraí faoi na saincheisteanna arna dtarraingt anuas a shoiléiriú.





## Réamh-athbhreithniú ar Inghlacthacht Gearán

A luaithe a rangaítear fiosrú mar ghearán, ceanglaítear ar ÚRSD faoin Acht réamh-athbhreithniú a dhéanamh chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an gearán inghlactha. Mar chuid den phróiseas sin, ní mór do ÚRSD fógra i scríbhinn a thabhairt don dlí-chleachtóir i dtaobh an ghearáin, cóip den ghearán a thabhairt don dlí-chleachtóir, agus iarraidh ar an dlí-chleachtóir freagra i scríbhinn ina mbeidh a thuairimí nó a tuairimí ar an ngearán a thabhairt. Féadfaidh baill foirne sa rannóg gearán tuilleadh faisnéise a iarraidh i scríbhinn ón ngearánach nó ón dlí-chleachtóir ag céim an réamh-athbhreithnithe freisin. I gcás gearáin chasta, is féidir go mbeidh roinnt babhtaí cumarsáide idir na páirtithe ag teastáil chun an próiseas sin a chur i gcrích.

## Gearáin a Réiteach ar Shlí Neamhfhoirmiúil

Molann ÚRSD go réiteofaí gearáin go luath i gcás gur cuí. A luaitear a chinntear gearán a bheith inghlactha, ceanglaítear ar ÚRSD leis an Acht cuireadh a thabhairt do na páirtithe iarracht a dhéanamh nithe a réiteach i dtaca le gearáin inghlactha a bhaineann leo seo:

- seirbhísí dlí de chaighdeán neamhdhóthanach;
- costais iomarcacha; nó
- mí-iompar arbh ionann é agus seirbhísí dlí de chaighdeán neamhdhóthanach go feadh méid suntasach, dá ndéanfaí é a shuíomh.

Is idirghabhálaithe cáilithe atá creidiúnaithe ag Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann iad na baill foirne a fhéachann le cabhrú leis na páirtithe gearáin a réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil trí phróiseas réitigh neamhfhoirmiúil ÚRSD.

Ag brath ar an gcineál gearáin, i gcás go ndiúltaíonn na páirtithe do chuireadh ó ÚRSD teacht ar réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil nó i gcás nach féidir gearán a réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil, tabharfar an gearán ar aghaidh lena chinneadh agus lena imscrúdú ag ÚRSD nó, i gcás gearán mí-iompair, tabharfar é ar aghaidh lena chinneadh agus lena imscrúdú ag an gCoiste um Ghearáin.  Maidir le gearán a bhfuil baint aige le níos mó ná ceann amháin de na trí fhoras reachtúla, tarchuirfear é chuig an gCoiste um Ghearáin freisin má áirítear mí-iompar líomhnaithe leis, fiú más féidir cuid amháin den ghearán a réiteach.

Is ábhar misnigh é go mbíonn ag méadú gach bliain ar an líon gearánach agus dlí-chleachtóirí a ghlacann páirt sa phróiseas réitigh neamhfhoirmiúil. Sa bhliain 2023, ghlac 93 dhuine de ghearánaigh agus de dhlí-chleachtóirí páirt sa phróiseas. I gcomparáid leis sin, ghlac 61 duine díobh páirt ann sa bhliain 2022 agus ghlac 38 nduine díobh páirt ann sa bhliain 2021.

> "D'éirigh libh dea-thorthaí a bhaint amach, tar éis neamhiontas a bheith déanta de na glaonna gutháin a chuir mé thar roinnt míonna agus den dá iarraidh scríofa a sheachaid mé i bpearsa. Is seirbhís iontach sibh."

## An Coiste um Ghearáin agus an Coiste Athbhreithnithe

Bunaíodh an Coiste um Ghearáin agus an Coiste Athbhreithnithe araon sa bhliain 2020.

Tá tromlach comhaltaí tuata ag an dá choiste. Tá ag an gCoiste um Ghearáin 27 gcomhalta arna gceapadh ag an Údarás. Cuimsítear iontu sin líon nach lú ná ochtar comhaltaí arna n-ainmniú ag an Dlí-Chumann agus líon nach lú ná ceathrar comhaltaí arna n-ainmniú ag Barra na hÉireann (Comhairle an Bharra roimhe sin); agus is comhaltaí tuata arna gceapadh tar éis próiseas roghnúcháin iomaíoch iad na comhaltaí eile.

Féadfaidh an Coiste um Ghearáin suí i gCoistí Rannacha atá comhdhéanta de thriúr nó cúigear comhaltaí. Déantar gearáin faoi mhí-iompar líomhnaithe ar chinn Oifigigh Gearán agus Réiteach ÚRSD iad a bheith inghlactha a tharchur chuig an gCoiste um Ghearáin lena n-imscrúdú. Tá sé de chumhacht ag an gCoiste um Ghearáin smachtbhannaí a fhorchur ar dhlí-chleachtóirí nó gearáin a tharchur chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí leithleach. Ní fhéadfaidh an Coiste um Ghearáin a chinneadh go ndearnadh mí-iompar.

Tháinig an Coiste um Ghearáin le chéile 43 huaire sa bhliain 2024, i gcomparáid le 38 n-uaire sa bhliain roimhe. Ba i bhfad níos airde a bhí an líon gearán ar dhún an coiste iad (327 ngearán sa bhliain 2024, suas ó 233 ghearán sa bhliain 2023).

Tá ag an gCoiste Athbhreithnithe freisin 27 gcomhalta a dhéantar a ainmniú agus a cheapadh ar an mbealach céanna a dhéantar na comhaltaí den Choiste um Ghearáin a ainmniú agus a cheapadh, agus suíonn sé i ngrúpaí triúir. Athbhreithníonn an Coiste Athbhreithnithe cinntí ó Oifigigh Gearán agus Réiteach ÚRSD ar ghearáin a bhaineann le seirbhísí neamhdhóthanacha dlí agus/nó le costais iomarcacha. D'athbhreithnigh an Coiste Athbhreithnithe 79 ngearán ag 14 shuí sa bhliain 2024 (suas ó dheich suí sa bhliain 2023). Le linn na bliana, rinne dlí-chleachtóirí agus gearánaigh 87 n-iarraidh ar athbhreithnithe (suas ó 70 iarraidh sa bhliain 2023).

## Ordacháin ÚRSD a Fhorfheidhmiú

Sna gearáin uile nach gcloíonn dlí-chleachtóirí le hordacháin nó cinntí ó ÚRSD iontu, tionscnaíonn ÚRSD imeachtaí forfheidhmiúcháin faoi alt 90 den Acht. Nuair a mheastar iarratais den sórt sin chun na hArd-Chúirte a bheith riachtanach, lorgóidh ÚRSD freisin go n-íocfadh an dlí-chleachtóir na costais a thabhaíonn sé.





# GEARÁIN A FUARTHAS SA BHLIAIN 2024

## Forbhreathnú

Sa bhliain 2024, fuair an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach 2,820 ceann san iomlán de ghlaonna teileafóin agus de ríomhphoist inar iarradh faisnéis agus/nó foirmeacha gearáin.

Ar an iomlán, d'oscail an fhoireann sa rannóg gearán 1,877 gcomhad fiosraithe. Tar éis measúnú a dhéanamh ar na comhaid sin, rangaíodh 1,476 cinn díobh mar ghearáin agus cuireadh iad faoi réir an phróisis reachtúil mheasúnaithe réamh-inghlacthachta ansin. Ba mar fhiosruithe a déileáladh leis an 397 gcomhad fiosraithe a bhí fágtha, agus baill foirne ag tabhairt faisnéise nó cabhrach. Cé nach rangaítear na fiosruithe sin mar ghearáin, tarlaíonn sé in amanna go dteastaíonn ó bhaill foirne ÚRSD obair shuntasach a chur isteach chun aghaidh a thabhairt orthu.

Faoi mar a bhí amhlaidh sna blianta roimhe, ba mhó i bhfad an líon gearán a fuarthas faoi aturnaetha ná an líon a fuarthas faoi abhcóidí sa bhliain 2024, rud a bhí ag teacht leis an bhfíric gur mó an líon aturnaetha atá ann agus gur mó an leibhéal teagmhála dírí atá acu le tomhaltóirí. Den 1,476 ghearán a fuarthas, bhain 1,410 gcinn le haturnaetha agus bhain 66 cinn le habhcóidí. Léirítear i bhFíor 1 ar leathanach 26 an miondealú ar na gearáin a fuarthas de réir contae, bunaithe ar láithreacha oifige na ndlí-chleachtóirí. I dteannta a chéile, tá dlí-chleachtóirí i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh freagrach as pas beag níos mó ná leath (51%) an lín iomláin gearán a fuarthas.

## Gearáin a Fuarthas

Mar atá luaite thuas, taifeadann ÚRSD gearáin aonair mar ghearáin a bhaineann le ceann amháin, dhá cheann nó na trí cinn uile de na forais san Acht i gcás gur cuí. Áirítear leis an tuarascáil miondealú iomlán ar fhorais maidir le gach ceann den 1,476 ghearán a fuarthas sa bhliain 2024. Léirítear sa mhiondealú sin nach raibh ach foras reachtúil amháin ann i gcás 1,135 ghearán agus gur ghearáin mheasctha a raibh níos mó ná ceann amháin de na trí fhoras i gceist leo iad 341 ghearán.

Sa bhliain 2024, ba faoi mhí-iompar líomhnaithe amháin a bhí 762 ghearán a fuarthas (52%). Bhí mí-iompar ina fhoras gearáin in 262 ghearán eile, áfach, rud a d'fhág gurbh ionann an t-iomlán agus pas beag níos lú ná 70% de na gearáin ar fad a fuarthas.

Ba faoi chaighdeáin neamhdhóthanacha seirbhísí dlí amháin a bhí 350 gearán san iomlán (24%). Bhí seirbhísí neamhdhóthanacha ina bhforas do ghearán i 328 ngearán eile, áfach. Mar an gcéanna, ba faoi chostais iomarcacha amháin a bhí 23 ghearán (1%), agus tarraingíodh forais costas iomarcach anuas freisin i 147 ngearán eile.


> Go raibh míle maith agaibh as bhur n-iarrachtaí an tsaincheist seo a réiteach toisc go bhfuilimid cinnte nach mbeadh an t-airgead a bhí dlite dúinn faighte againn murach bhur n-obair a bhfuil an-mheas uirthi.

# CATAGÓIRÍ GEARÁN SA BHLIAIN 2024

## Na Forais Uile do Ghearáin

Maidir le gearáin a dhéantar faoi na trí fhoras atá san Acht, rangaíonn ÚRSD iad ina raon catagóirí mar chuid de phróiseas riaracháin a bhfuil mar aidhm leis ár dtuairisciú a éascú. Mar atá luaite thuas, breisíodh an taifeadadh gearán chun go léireofaí ann go bhféadfadh roinnt comhpháirteanna difriúla ar fud 36 chatagóir atá ar fáil a bheith ar áireamh san aon ghearán amháin.


Maidir leis an 1,476 ghearán aonair a fuarthas sa bhliain 2024, cuimsíodh iontu 2,150 comhpháirt ar fud na gcatagóirí atá ar fáil.




| | | |
|---|---|---|
| Mí-iompar, agus mí-iompar amháin | **762** | (52%) |
| Seirbhísí neamhdhóthanacha, agus seirbhísí neamhdhóthanacha amháin | **350** | (24%) |
| Costais iomarcacha, agus costais iomarcacha amháin | **23** | (1%) |
| Mí-iompar agus seirbhísí neamhdhóthanacha dlí | **194** | (13%) |
| Mí-iompar agus costais iomarcacha | **13** | (1%) |
| Seirbhísí neamhdhóthanacha dlí agus costais iomarcacha | **79** | (5%) |
| Mí-iompar, seirbhísí neamhdhóthanacha dlí agus costais iomarcacha | **55** | (4%) |
| **IOMLÁN** | **1,476** | |

## Mí-iompar

Taifeadadh 1,267 gcomhpháirt mí-iompair san iomlán sna gearáin ar fad a fuarthas sa bhliain 2024. Rangaíodh iad sin faoi chatagóirí éagsúla, bunaithe ar ghníomhartha líomhnaithe nó neamhghníomhartha líomhnaithe na ndlí-chleachtóirí. Díobh sin, bhain 461 cheann (36%) le hiompar ar dóigh dó míchlú a tharraingt ar an ngairm agus bhain 168 gcinn (13%) le mainneachtain cloí le gealltanas a tugadh do chomhghleacaí nó d'fhoras airgeadais. Bhain 114 ghearán eile (9%) le mainneachtain cumarsáid a dhéanamh, bhain 113 cinn (9%) le mainneachtain comhad nó gníomhais agus doiciméid eile a thabhairt ar láimh, bhain 92 cheann (7%) le calaois nó mímhacántacht, agus bhain 69 gcinn (5%) le coinbhleacht leasa.





| | | |
|---|---|---|
| Míchlú a tharraingt ar an ngairm | **461** | (36.4%) |
| Gealltanas | **168** | (13.3%) |
| Mainneachtain cumarsáid a dhéanamh | **114** | (9.0%) |
| Mainneachtain tabhairt ar láimh | **113** | (8.9%) |
| Calaois nó mímhacántacht | **92** | (7.3%) |
| Coinbhleacht leasa | **69** | (5.4%) |
| Mainneachtain cuntas a thabhairt | **54** | (4.3%) |
| Seirbhísí neamhdhóthanacha de chineál substaintiúil | **51** | (4.0%) |
| An chúirt a chur ar míthreoir | **37** | (2.9%) |
| Moill | **33** | (2.6%) |
| Mí-iompar eile | **75** | (5.9%) |
| **IOMLÁN** | **1,267** | |



Tuarascáil Bhliantúil 2024 | ÚRSD

## Seirbhísí Neamhdhóthanacha Dlí


Taifeadadh 708 gcomhpháirt seirbhísí neamhdhóthanacha dlí san iomlán sna gearáin ar fad a fuarthas sa bhliain 2024. Rangaíodh iad sin faoi chatagóirí éagsúla, ar bhonn an réimse dlí ar bhain an gearán leis. Díobh sin, bhain 250 gearán (35%) le dlíthíocht, bhain 155 cinn (22%) le tíolacadh, bhain 113 cinn (16%) leis an dlí teaghlaigh, agus bhain 100 ceann (14%) le probháid agus le riaradh eastát.




| | | |
|---|---|---|
| Dlíthíocht | **250** | (35.3%) |
| Tíolacadh | **155** | (21.9%) |
| An Dlí Teaghlaigh | **113** | (16.0%) |
| Probháid | **100** | (14.1%) |
| Coireacht | **29** | (4.1%) |
| Fostaíocht | **17** | (2.4%) |
| Eile | **44** | (6.2%) |
| **IOMLÁN** | **708** | |


## Costais Iomarcacha

Taifeadadh 175 chomhpháirt costas iomarcach san iomlán sna gearáin ar fad a fuarthas sa bhliain 2024. Rangaíodh iad sin faoi chatagóirí éagsúla, ar bhonn an réimse dlí ar bhain an gearán leis. Díobh sin, bhain 58 gcinn (33%) le dlíthíocht, bhain 50 ceann (29%) leis an dlí teaghlaigh, bhain 28 gcinn (16%) le tíolacadh, agus bhain 24 cinn (14%) le probháid agus le riaradh eastát.




| | | |
|---|---|---|
| Dlíthíocht | **58** | (33.1%) |
| An Dlí Teaghlaigh | **50** | (28.6%) |
| Tíolacadh | **28** | (16.0%) |
| Probháid | **24** | (13.7%) |
| Fostaíocht | **6** | (3.4%) |
| Coireacht | **2** | (1.1%) |
| Eile | **7** | (4.0%) |
| **IOMLÁN** | **175** | |

## Fíor I:
## GEARÁIN A FUARTHAS DE RÉIR CONTAE SA BHLIAIN 2024




| | |
|---|---|
| Dlínsí eile | 6 |
| IOMLÁN | 1,476 |





# GEARÁIN A DÚNADH SA BHLIAIN 2024

## Forbhreathnú

Dúnadh 1,474 ghearán san iomlán sa bhliain 2024. Dúnadh ceithre cinn as gach deich ngearán (621 ghearán, a bhí cothrom le 41%) toisc gur measadh iad a bheith neamh-inghlactha tar éis measúnú reachtúil.


Réitíodh 324 ghearán (22%) san iomlán idir na páirtithe, lenar áiríodh 62 ghearán a réitíodh go rathúil agus a dúnadh le cabhair ó idirghabhálaithe oilte ÚRSD.

Tarraingíodh 61 ghearán san iomlán siar (4%). Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, nuair a dhéantar gearáin a tharraingt siar nó a réiteach idir na páirtithe iad féin, a fhéadfaidh ÚRSD a chinneadh go bhfuil sé ar mhaithe leis an bpobal leanúint le himscrúdú. Lean ÚRSD le gearán amháin ar an mbonn sin sa bhliain 2024.

Seasadh le 143 ghearán san iomlán (10%). Bhí an líon sin comhdhéanta de 107 ngearán faoi sheirbhísí neamhdhóthanacha dlí agus costais iomarcacha agus de 36 ghearán faoi mhí-iompar líomhnaithe ar sheas an Coiste um Ghearáin leo. Tharchuir an Coiste um Ghearáin 57 ngearán san iomlán (4%) faoi mhí-iompar líomhnaithe ar aghaidh chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí.

Dúnadh 115 ghearán san iomlán (8%) toisc nach rabhthas in ann leanúint leo ar chúiseanna eile. Is féidir nach mbeifear in ann leanúint le gearán toisc gur scoir dlí-chleachtóir de bheith ag cleachtadh, toisc gur cuireadh ar fionraí é nó í nó toisc gur baineadh a ainm nó a hainm ón rolla. Is féidir go n-iarchuirfear imscrúdú toisc go bhfuil imeachtaí cúirte ar siúl.

## Gearáin a Dúnadh*




| | | |
|---|---|---|
| Gearáin a cinneadh a bheith neamh-inghlactha | 621 | (41.3%) |
| Gearáin a réitíodh le cabhair ó ÚRSD | 324 | (21.6%) |
| Gearáin nár seasadh leo | 182 | (12.1%) |
| Gearáin ar seasadh leo | 143 | (9.5%) |
| Gearáin a tarraingíodh siar | 61 | (4.1%) |
| Gearáin a tarchuireadh chuig LPDT | 57 | (3.8%) |
| Eile | 115 | (7.7%) |
| IOMLÁN | 1,503* | |

* *Tá 1,503 thoradh ann sna staitisticí thuas faoi Ghearáin a Dúnadh. Tá an figiúr sin 29 dtoradh níos mó ná an líon iomlán gearán a dúnadh, arb ionann é agus 1,474 ghearán. Tá sé sin amhlaidh toisc gur ar fhorais mheasctha a bhí 29 ngearán (is é sin le rá gur cuimsíodh iontu níos mó ná ceann amháin de na trí fhoras reachtúla), rud a fhágann gur féidir leo roinnt torthaí a bheith orthu.*

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ LÁIMHSEÁLA GEARÁN SA BHLIAIN 2024

## Forfheidhmiú san Ard-Chúirt

Le linn na bliana 2024, d'eisigh ÚRSD 18 n-iarratas chuig an Ard-Chúirt faoi alt 90 den Acht ar orduithe chun na hordacháin uaidh a fhorfheidhmiú i ngeaáin i gcoinne dlí-chleachtóirí. Rinneadh 18 n-ordú Ard-Chúirte san iomlán.

I gcás deich gcinn de na hiarratais sin, chomhlíon an dlí-chleachtóir na hordacháin ó ÚRSD. I gcás iarratas amháin, ní bhfuarthas an t-ordú Cúirte comhlánaithe roimh dheireadh na bliana 2024 agus, dá bhrí sin, ní rabhthas in ann an t-ordú Cúirte a fhorfheidhmiú sa bhliain 2024. I gcás seacht n-iarratas eile, níor chomhlíon an dlí-chleachtóir an t-ordú Ard-Chúirte agus bhí ar ÚRSD cineálacha difriúla cur chuige a bhreithniú chun an t-ordú a fhorfheidhmiú.

> Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh go léir in ÚRSD as bhur gcuid cúirtéise, foighne agus gairmiúlachta ar fud an phróisis seo.

## Gearáin leis an Ombudsman sa bhliain 2024

Féadfaidh gearánaigh atá den tuairim gur chaith ÚRSD go míchothrom leo gearán a dhéanamh le hOifig an Ombudsman. Scrúdaíonn foireann an Ombudsman gearáin faoi ghníomhartha riaracháin comhlachtaí poiblí, ÚRSD san áireamh. I gcásanna lena mbaineann ÚRSD, is é ról an Ombudsman a bhreithniú cé acu a déileáladh nó nár déileáladh le gearán de réir na nósanna imeachta a leagtar amach san Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015. Ní fhéadfaidh an tOmbudsman gníomhartha an dlí-chleachtóra a imscrúdú. Ní fhéadfaidh sé ach athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhartha riaracháin a rinne ÚRSD le linn dó déileáil le gearán. Ní achomharc i gcoinne an chinnidh ó ÚRSD é próiseas an Ombudsman. Ina ionad sin, is imscrúdú é ar na nósanna imeachta a lean ÚRSD.

Ní iarrann an tOmbudsman cóip den chomhad ó ÚRSD ach amháin i gcás gearáin a measann sé go dteastaíonn tuilleadh imscrúdaithe ina leith. Sa bhliain 2024, fuair ÚRSD iarrataí le haghaidh cóip de chomhad 56 huaire. Is méadú é sin ó na 46 iarraidh a tuairiscíodh sa bhliain 2023 ach is laghdú é sin ó na 63 iarraidh a fuarthas sa bhliain 2022. Gníomhaíonn ÚRSD de bhun an aiseolais ar fad a sholáthraíonn an tOmbudsman tar éis imscrúdaithe. Sa bhliain 2024, níor seasadh ach le 2% de na gearáin a dhún an tOmbudsman maidir le ÚRSD.





## An Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí

Tá an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí ina chomhlacht reachtúil neamhspleách a bunaíodh leis an Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015. Tá sé mar ról aige gearáin mhí-iompair faoi aturnaetha agus faoi abhcóidí a éisteacht. Tugann an Coiste um Ghearáin de chuid ÚRSD agus Dlí-Chumann na hÉireann iarratais chun an Bhinse.

Tháinig an Binse i gcomharbacht ar na comhlachtaí araíonachta a bhí ann roimhe seo do na gairmeacha dlí, mar atá an Binse Araíonachta Aturnaetha agus an Binse um Iompar Gairmiúil Abhcóidí.

Sa bhliain 2024, rinne ÚRSD 22 iarratas san iomlán chuig an mBinse ar fhiosrúcháin, suas ó shé cinn sa bhliain 2023. Den 22 iarratas, bhain 21 cheann le haturnaetha agus bhain ceann amháin le habhcóide.

Cé go bhfuil LPDT ina eintiteas atá ar leithligh ó ÚRSD agus a bhfuil a áitreabh féin aige, soláthraíonn ÚRSD tacaíocht riaracháin agus theicniúil dó. Is fostaithe de chuid ÚRSD iad baill foirne tacaíochta LPDT agus tá a Chláraitheoir ina bhall d'Fhoireann Ardbhainistíochta ÚRSD.

> Go raibh maith agaibh as an gcabhair agus cúnamh riachtanach ar fad a thug sibh. Táim cinnte nach réiteofaí mo ghearán murach é.

# SEIRBHÍSÍ DLÍ, TOBHACH AGUS CLÁRÚCHÁN

## Comhpháirtíochtaí Dlí a Thabhairt Isteach

I mí Mheán Fómhair 2024, thug ÚRSD isteach an creat um chomhpháirtíochtaí dlí, rud atá comhdhéanta de shraith rialachán agus de chód cleachtais d'abhcóidí cleachtacha. Is é is comhpháirtíocht dlí ann ná comhpháirtíocht arna foirmiú faoi dhlí an Stáit trí chomhaontú scríofa ag beirt dlí-chleachtóirí nó níos mó (aturnaetha nó abhcóidí) chun seirbhísí dlí a sholáthar. Ní mór do chomhpháirtí amháin ar a laghad i gcomhpháirtíocht dlí a bheith ina abhcóide cleachtach nó ina habhcóide cleachtach.

Féadfaidh comhpháirtíochtaí dlí:

- **A bheith ina gcomhpháirtíochtaí dlí d'aturnaetha agus d'abhcóidí,** áit a bhfuil aturnae cleachtach amháin ar a laghad agus abhcóide cleachtach amháin ar a laghad ina gcomhpháirtithe.
- **A bheith ina gcomhpháirtíochtaí dlí d'abhcóidí amháin,** áit nach bhfuil ach abhcóidí cleachtacha ina gcomhpháirtithe.

Ba ghá leasú reachtach a dhéanamh ar alt 1 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, chun comhpháirtíochtaí dlí a thabhairt isteach, agus tugadh an leasú sin isteach leis an Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023.

Is é atá i gcomhpháirtíochtaí dlí ná nuálaíocht sa mhargadh seirbhísí dlí a tugadh isteach leis an Acht agus le leasuithe ina dhiaidh sin, agus é mar aidhm leo an soláthar seirbhísí dlí in Éirinn a nuachóiriú. Is cineál coitianta socraíochta gnó in Éirinn iad comhpháirtíochtaí, ach b'amhlaidh san earnáil seirbhísí dlí go dtí seo nach raibh cead ag aturnaetha comhpháirtíochtaí a bhunú ach amháin le haturnaetha eile.

An 21 Samhain 2024, thug Simmons & Simmons (Ireland) LLP fógra do ÚRSD go raibh sé beartaithe aige tosú mar chomhpháirtíocht dlí an 26 Samhain 2024. Coimeádann ÚRSD Clár Comhpháirtíochtaí Dlí a nuashonraíodh chun an fhorbairt sin a léiriú. Tá faisnéis faoi chomhpháirtíochtaí dlí, lena n-áirítear faisnéis faoi conas comhpháirtíocht dlí a bhunú, ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD.

Is féidir faisnéis faoi imeachtaí agus gníomhaíochtaí cumarsáide agus for-rochtana ÚRSD maidir le comhpháirtíochtaí dlí sa bhliain 2024 a fháil sa rannán 'Cumarsáid agus Caidreamh' thíos.




*Derek Lawlor agus Rachel Stanton ó Simmons & Simmons agus iad in éineacht leis an Dr Brian Doherty, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ÚRSD*





## Fás Seasta sa líon Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta

B'ionann agus 26 cinn an líon gnóthaí iomchuí ar údaraigh ÚRSD iad chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta sa bhliain 2024. D'fhág sé sin gurb ionann agus 509 gComhpháirtíocht Dliteanais Theoranta an líon iomlán Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a údaraíodh ó mhí na Samhna 2019 i leith. In alt 99 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, mínítear 'gnó iomchuí' mar chomhpháirtíocht aturnaetha nó mar chomhpháirtíocht dlí.

Chuir 11 Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta san iomlán in iúl do ÚRSD sa bhliain 2024 go bhfuil sé ar intinn acu scor de bheith ag oibriú mar Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta (scoir 42 Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta de bheith ag oibriú ó mhí na Samhna 2019 i leith). D'fhág sé sin gurbh ionann agus 467 gComhpháirtíocht Dliteanais Theoranta an líon Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a bhí ar an gClár Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta ag deireadh na bliana. Déanann ÚRSD an Clár Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a chothabháil agus a athrú chun dáta go tráthrialta. Liostaítear sa chlár sin na gnóthaí iomchuí atá údaraithe chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dhliteanais Theoranta. Tá an Clár ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD.

Fuair ÚRSD 122 fhoirm um chomhaltas a athrú ó Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta sa bhliain 2024, ar dá mbarr a cuireadh 166 chomhpháirtí le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta ar an gclár agus a baineadh 99 gcomhpháirtí díobh. Próiseáladh gach ceann de na hathruithe ar bhealach tráthúil.

Eisíodh na Rialacháin fán Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta), 2024 (I.R. Uimh. 488 de 2024), atá mar chreat údarúcháin um Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta, an 26 Meán Fómhair 2024. Tagann na rialacháin sin in ionad na rialachán roimhe maidir le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a foilsíodh sa bhliain 2019 agus is é an cuspóir atá leo aird a thabhairt ar an bhfíric gur féidir go mbeidh stádas mar Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta á lorg ag comhpháirtíochtaí dlí freisin.

Le húdarú chun oibriú faoi dhliteanas teoranta de réir an Achta, ceadaítear do ghnó iomchuí a dhliteanas pearsanta a laghdú. Mar shampla, cosnaítear a chuid sócmhainní pearsanta ar chaingne a eascraíonn as faillí na gcomhpháirtithe eile sa Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta. Is féidir fós go mbeidh comhpháirtí faoi dhliteanas fiachais, dualgais nó dliteanais a eascraíonn, mar shampla, as gníomh nó neamhghníomh ag an gcomhpháirtí a bhfuil calaois nó mímhacántacht ag gabháil leis agus ab ábhar do chinneadh go raibh mí-iompar ann nó do chiontú coiriúil.

Tá freagrachtaí ag gabháil le dliteanas pearsanta dlí-chleachtóirí a theorannú. Áirítear leo sin árachas cuí slánaíochta gairmiúla a chothabháil agus tionchar na samhla oibriúcháin Comhpháirtíocht Dliteanais Theoranta a chur in iúl go soiléir do chliaint agus do chreidiúnaithe.


Ar fud na bliana 2024, thug baill foirne freagra ar cheisteanna ó ghnólachtaí a bhain le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta agus le próisis éagsúla faoi na Rialacháin. Áiríodh leo sin iarratais ar oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta, ar scor d'oibriú agus ar ainm na gcomhpháirtithe i gComhpháirtíocht Dliteanais Theoranta a athrú. Thug baill foirne ÚRSD freagra ar 122 cheist a bhain le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta sa bhliain 2024.

Ceanglaítear le halt 125(9) den Acht ar ÚRSD breith a thabhairt maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart údarú a thabhairt do ghnó iomchuí chun oibriú mar Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta tráth nach déanaí ná 60 lá ó fhoirm iarratais bhailí agus táille a fháil. Ba é 17 lá an meán-aga próiseála sa bhliain 2024 le haghaidh iarratais ar oibriú mar Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta. Ba laghdú é sin ó 23 lá sa bhliain 2023.


# LÉARGAS AR CHOMHPHÁIRTÍOCHTAÍ DLITEANAIS THEORANTA NUA SA BHLIAIN 2024

Tugtar léargas úsáideach sna sonraí ó ÚRSD faoi na 26 ghnó iomchuí a údaraíodh chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta sa bhliain 2024. Ar an iomlán, údaraíodh 16 Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta i gContae Bhaile Átha Cliath, údaraíodh dhá cheann i gContae na Gaillimhe, údaraíodh dhá cheann i gContae Luimnigh agus údaraíodh ceann amháin i sé chontae eile. Bhí idir beirt chomhpháirtithe agus cúigear comhpháirtithe ag 21 cheann san iomlán de na 26 ghnó iomchuí a údaraíodh mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta.

**TÁBLA I: An Líon CDTanna a Údaraíodh sa bhliain 2024 de réir Contae**




**TÁBLA 2: An Líon CDTanna a Údaraíodh sa bhliain 2024 de réir an Lín Comhpháirtithe**




| | | |
|---|---|---|
| Idir beirt chomhpháirtithe agus cúigear comhpháirtithe | 21 | (80.77%) |
| Idir seisear comhpháirtithe agus deichniúr comhpháirtithe | 2 | (7.69%) |
| Idir 11 chomhpháirtí agus 25 chomhpháirtí | 3 | (11.54%) |
| **IOMLÁN** | **26** | |





## Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a Chothabháil

Déanann ÚRSD Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a chothabháil. Is clár inchuardaithe ar líne é a chuimsíonn ainm na n-abhcóidí uile a bhfuil teidlíocht acu chun seirbhísí dlí a sholáthar sa Stát.

Tá an Rolla ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD. Tá sé ina uirlis thábhachtach trínar féidir le daoine den phobal a bheith cinnte go bhfuil an t-abhcóide atá ag soláthar seirbhísí dlí thar a gceann i dteideal go dlíthiúil déanamh amhlaidh. Is gá freisin an tobhach ar abhcóidí a ríomh agus a riaradh i gceart.

Baineann stádas cleachtaidh abhcóide ar an Rolla (an comhalta den Leabharlann Dlí é nó í nó nach ea, nó an bhfuil nó nach bhfuil sé nó sí i seirbhís lánaimseartha an Stáit) le hábhar le haghaidh an phróisis um an tobhach a ríomh. Déanann sé difear freisin don dliteanas atá ar abhcóide i leith an tobhach bliantúil a íoc. Ar na cúiseanna sin, tá sé tábhachtach gur cruinn agus cothrom le dáta atá mionsonraí na n-abhcóidí uile atá liostaithe ar an Rolla. Cuirtear cosc ar abhcóidí cáilithe le halt 136 den Acht seirbhísí dlí a sholáthar mura bhfuil a n-ainm taifeadta ar an rolla.

Ón 31 Iúil 2023 i leith, ceanglaítear ar abhcóidí ar an Rolla leis an Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023:

- **Eolas a thabhairt do ÚRSD faoi athrú ar a mionsonraí, lena n-áirítear a n-ainm, a seoladh poist/ríomhphoist, agus a stádas cleachtaidh (cé acu atá nó nach bhfuil siad i seirbhís lánaimseartha an Stáit agus cé acu is comhaltaí den Leabharlann Dlí iad nó nach ea).**
- **Iarratas a dhéanamh ar ÚRSD go mbainfí a n-ainm den Rolla i gcás nach mian leo a thuilleadh seirbhísí dlí a sholáthar.**

Foráiltear le halt 135(5I) den Acht gurb amhlaidh, maidir le mainneachtain ag abhcóide cleachtach na hoibleagáidí nua a chomhlíonadh, a d'fhéadfadh sí a bheith cothrom le mí-iompar faoi alt 50(1)(m) den Acht, rud lena bhforáiltear go bhféadfar a mheas gur mí-iompar é gníomh nó neamhghníomh i gcás 'gurb é atá ann sárú ar an Acht seo nó ar rialacháin arna ndéanamh faoi'.

Cuireadh mionsonraí 154 dhuine d'abhcóidí cleachtacha leis an Rolla le linn na bliana. Ba é dhá lá oibre an meán-aga slánúcháin le haghaidh iarratas. Déileáladh sa bhliain 2024 le 183 cheist san iomlán a bhain leis an Rolla.

Mhéadaigh an líon abhcóidí ar an Rolla ó 3,051 duine an 1 Eanáir 2024 go 3,071 duine an 31 Nollaig 2024. Bhí 2,134 dhuine díobh sin ina gcomhaltaí den Leabharlann Dlí agus ní raibh 937 nduine díobh ina gcomhaltaí den Leabharlann Dlí. Fuair ÚRSD 252 iarraidh ar leasuithe ar a mionsonraí le linn na bliana. Baineadh 134 abhcóide san iomlán den rolla sa bhliain 2024.

## An Tobhach ar na Gairmeacha

I mí an Mheithimh 2024, d'eisigh ÚRSD an séú sraith fógraí measúnachta tobhaigh bhliantúil uaidh. Faoi Chuid 7 den Acht, is faoi réir an tobhach a íoc atá Dlí-Chumann na hÉireann, Comhairle an Bharra (ar a dtugtar Barra na hÉireann anois) agus abhcóidí nach comhaltaí den Leabharlann Dlí iad. Is é an tobhach príomhshásra cistiúcháin ÚRSD.

Cinneann ÚRSD an méid tobhaigh gach bliain le toiliú ón Aire Dlí agus Cirt. Ríomhtar an méid de réir fhorálacha Chuid 7 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, arna leasú. Leasaíodh forálacha tobhaigh an Achta leis an Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023.

Le toiliú ón Aire, chinn ÚRSD an méid tobhaigh a bhí dlite don bhliain tobhaigh 2023. Ina dhiaidh sin, ríomh ÚRSD an sciar den tobhach a bhí iníoctha ag an Dlí-Chumann, ag Barra na hÉireann agus ag abhcóidí nach comhaltaí den Dlí-Chumann iad. Tá díolúine ón tobhach ag dlí-chleachtóirí atá i seirbhís lánaimseartha an Stáit faoi alt 97 den Acht. Toisc a chuirtear san áireamh le linn an tobhach a ríomh is ea an líon gearán a dhéantar i gcoinne aturnaetha agus abhcóidí. Thosaigh ÚRSD ar ghlacadh le gearáin maidir le dlí-chleachtóirí an 7 Deireadh Fómhair 2019 tar éis thosach feidhme Chuid 6 den Acht.

B'ionann an tobhach don bhliain tobhaigh 2023 agus €339.94 in aghaidh an abhcóide nach comhalta den Leabharlann de é nó í, €373.83 in aghaidh an chomhalta den Leabharlann Dlí agus €504.08 in aghaidh an aturnae. Chomh maith leis sin, fuair ÚRSD

176 cheist maidir leis an tobhach sa bhliain 2024 agus thug sé freagra orthu. Ba mhéadú 107 gceist é sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

An chúis leis an méadú sin ba ea gur eisíodh na fógraí measúnachta tobhaigh don bhliain tobhaigh 2022 i mí na Samhna 2023 agus, mar sin de, bhí ÚRSD ag tabhairt freagraí ar cheisteanna a bhain le dhá phróiseas tobhaigh sa bhliain 2024.

Mar a cheanglaítear le halt 95D(1) den Acht, d'eisigh ÚRSD Fógraí Measúnachta Tobhaigh an 27 Meitheamh 2024 chuig an dá chomhlacht ghairmiúla agus chuig na 643 abhcóide aonair nach comhaltaí den Leabharlann Dlí iad.

San iomlán, bhí 99.18% den tobhach don bhliain tobhaigh 2023 íoctha le ÚRSD faoin 31 Nollaig 2024. Fuarthas 11.62% breise den tobhach don bhliain tobhaigh 2022 sa bhliain 2024, rud a d'fhág gur íocadh 98.86% de thobhach na bliana 2022 san iomlán.

**TÁBLA 3:**
**Moltaí Paitinní Tosaíochta an Choiste Chomhairligh, 2024**

| MOLTAÍ PAITINNÍ TOSAÍOCHTA, 2024 | | | |
|---|---|---|---|
| IOMLÁN 34 | | | |
| ABHCÓIDE | | ATURNAE | |
| 27 | | 7 | |
| BAINEANN | FIREANN | BAINEANN | FIREANN |
| 9 | 18 | 2 | 5 |

## ÚRSD agus Iarratais 'Abhcóide Sinsir'

I mí Aibreáin 2020, bhunaigh an tÚdarás an Coiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta faoi alt 172(1) den Acht. Is é ról an Choiste Chomhairligh moltaí a dhéanamh don Rialtas chun Paitinní Tosaíochta a dheonú d'iarratasóirí ar aturnaetha nó abhcóidí iad. Tá teidlíocht ag aturnae nó abhcóide a ndeonaítear Paitinn Tosaíochta dó nó di chun úsáid a bhaint as an teideal 'abhcóide sinsir'. De bhreis air sin, tá teidlíocht ag abhcóide a ndeonaítear Paitinn Tosaíochta dó nó di go nglaofar é nó í chun Barra na Sinsear. Sular bunaíodh an córas iarratas a cruthaíodh san Acht, ní raibh teidlíocht chun an teideal 'abhcóide sinsir' a lorg ach amháin ag abhcóidí.

Is é an Príomh-Bhreitheamh a dhéanann cathaoirleacht ar an gCoiste Comhairleach, atá comhdhéanta de sheachtar comhaltaí. D'ainmnigh an tAire Dlí agus Cirt an Dr Don Thornhill, Cathaoirleach an Údaráis, chuig an gCoiste Comhairleach sa bhliain 2020 agus athcheapadh é i mí Aibreáin 2023 go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2024. Thug ÚRSD cúnamh cléireachais agus riaracháin don Choiste Comhairleach le linn na bliana 2024. Tá an Rúnaí don Údarás ag gníomhú mar Rúnaí don Choiste Comhairleach ó uair a bhunaithe i leith.

D'eisigh an Coiste Comhairleach an cúigiú glao uaidh le haghaidh iarratais ar mholtaí i mí Feabhra 2024. Rinneadh glao an Choiste Chomhairligh le haghaidh iarratas trí shuíomh Gréasáin ÚRSD, ar ar postáladh faisnéis mhionsonraithe d'iarratasóirí, lenar áiríodh treoir agus foirmeacha iarratais i nGaeilge agus i mBéarla araon. Fuair sé 84 iarratas san iomlán: 23 cinn ó aturnaetha agus 61 cheann ó abhcóidí. Ag an gcruinniú dá chuid an 9 Iúil 2024, cheadaigh an Rialtas deonú an teidil "abhcóide sinsir" do 27 n-abhcóide agus do sheachtar aturnaetha, bunaithe ar na moltaí ón gCoiste Comhairleach.





# LAETHANTA FOIRNE UILE ÚRSD

LSRA
An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí
Legal Services Regulatory Authority

Tháinig foireann ÚRSD agus foireann LPDT le chéile le haghaidh dhá Lá Foirne Uile i mBaile Átha Cliath sa bhliain 2024. Thug cainteoirí ar tugadh cuireadh dóibh faisnéis agus treoir don fhoireann ar thopaicí éagsúla, lenar áiríodh folláine san áit oibre. Tá na himeachtaí sin ina ndeis thábhachtach do bhaill foirne foghlaim faoi réimsí oibre ball foirne eile agus eolas níos fearr a chur ar a chéile.












# 3. CONAS A DHÉANAIMID CAIDREAMH AGUS A NUÁLAIMID

## Taighde, Tuarascálacha agus Moltaí le haghaidh Athchóirithe

Tá gníomhaíochtaí taighde agus tuairiscithe reachtúil ÚRSD ag teacht le raon fheidhmeanna an Údaráis agus lena fhreagrachtaí rialála. Bliain thar a bheith táirgiúil ba ea an bhliain faoi athbhreithniú, ar lena linn a foilsíodh tuarascálacha cuimsitheacha ina raibh moltaí le haghaidh rochtain ar na gairmeacha dlí a mhéadú agus le haghaidh éifeachtúlachtaí agus trédhearcacht i seirbhísí tíolactha a mhéadú. D'iarr an tAire Dlí agus Cirt an dá thuarascáil faoi alt 34 den Acht.






### Tuarascálacha ar Dheireadh a Chur le Bacainní, agus Plean Cur Chun Feidhme


***Dul i ngleic le bacainní eacnamaíocha agus eile chun gairmeacha dlí atá níos sorochtana agus níos éagsúla a thógáil***

Clár taighde ilbhliantúil ÚRSD ina n-iniúchtar na bacainní eacnamaíocha agus eile a mbíonn aturnaetha agus abhcóidí atá ag teacht chun cinn agus atá tar éis a ngairm a thosú ag déileáil leo, bhain sé garsprioc shuntasach amach i mí Mheán Fómhair 2024 nuair a foilsíodh sraith moltaí mionsonraithe le haghaidh athchóirithe.

Bhí 32 mholadh ann sna tuarascálacha *'Breaking Down Barriers'* le haghaidh athchóirithe chun cothromas rochtana agus iontrála sna gairmeacha dlí a fheabhsú agus chun éagsúlacht laistigh de na gairmeacha a mhéadú. Ar na moltaí bhí téamaí amhail conairí chuig cáiliú a oscailt suas, na costais a bhaineann le dul isteach sna gairmeacha dlí, an cultúr san áit oibre, agus éagsúlacht agus cuimsiú.

Ag fáiltiú di roimh na tuarascálacha agus roimh na moltaí ó ÚRSD, d'iarr an tAire Dlí agus Cirt Plean Cur Chun Feidhme mionsonraithe le haghaidh na moltaí *'Breaking Down Barriers'*. D'fhoilsigh ÚRSD an plean sin i mí Dheireadh Fómhair 2024, rud a réitigh an bealach do Ghrúpa Oibre Cur Chun Feidhme il-gheallsealbhóra a bhunú.









## Tuarascálacha ar Ghearáin, 2024

*Béim a leagan ar threochtaí i ngearáin chun feasacht a mhúscailt agus chun caighdeáin fheabhsaithe a bhrú chun cinn*

Ceanglaítear ar ÚRSD faoi alt 73 den Acht tuarascáil ar oibriú a fheidhme neamhspleáiche láimhseála gearán a fhoilsiú gach sé mhí.
Leagtar béim sna tuarascálacha leathbhliantúla sin ar théamaí atá ag teacht chun cinn i ngearáin agus sainaithnítear iontu cé na réimsí a bhféadfaimis ceachtanna a fhoghlaim agus caighdeáin a ardú i soláthar seirbhísí dlí.

Áirítear leis na tuarascálacha seo cás-staidéir anaithnidithe a bhfuil mar aidhm leo cabhrú le tomhaltóirí agus le soláthraithe seirbhíse dlí araon foghlaim ó scrúdú ÚRSD ar ghearáin aonair.

I mí Dheireadh Fómhair 2024, d'fhoilsigh ÚRSD an deichiú Tuarascáil ar Ghearáin uaidh, rud a chomóir cúig bliana de láimhseáil gearán neamhspleách. Le linn na tréimhse sin, réitigh na páirtithe ceann amháin as gach ceithre ghearán dhúnta, beagnach, go rathúil. Ina lán cásanna, baineadh an réiteach amach le cabhair ó bhaill foirne láimhseála gearán ÚRSD.

### AN CHÉAD TUARASCÁIL AR GHEARÁIN, 2024 – 26 AIBREÁN

*An tréimhse tuairiscithe ón 2 Meán Fómhair 2023 go dtí an 1 Márta 2024*

**637** an líon gearán a fuarthas

**796** an líon gearán a dúnadh

### AN DARA TUARASCÁIL AR GHEARÁIN, 2024 – 30 DEIREADH FÓMHAIR

*An tréimhse tuairiscithe ón 2 Márta 2024 go dtí an 6 Meán Fómhair 2024*

**740** an líon gearán a fuarthas

**735** an líon gearán a dúnadh






Tuarascáil Bhliantúil 2024 | ÚRSD

## Tuarascáil Bhliantúil 'Pathways to the Professions', 2023

*Treochtaí a rianú agus a anailísiú maidir le glacadh sna gairmeacha dlí*

Rinneadh an cúigiú tuarascáil bhliantúil ón Údarás maidir le beartais na ngairmeacha dlí maidir le glacadh a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt i mí Aibreáin 2024. Sa tuarascáil *'Pathways to the Professions'*, cuireadh sonraí cuimsitheacha i láthair faoin líon daoine a glacadh chun cleachtadh mar aturnaetha agus mar abhcóidí le linn na bliana 2023. Cuireadh in iúl sa tuarascáil gur lean an treocht sa líon daoine a bhí ag rollú i gcúrsaí/cláir oiliúna gairmiúla d'aturnaetha agus d'abhcóidí ar aghaidh sa bhliain 2023, ar treocht aníos í den chuid is mó. Bhí méaduithe níos suntasaí ann freisin sa líon iontrálaithe nua sa dá ghairm, ach bhí laghdú ann sa líon abhcóidí a bhí ag tosú daltachais sa Leabharlann Dlí.

## Breithniú a Dhéanamh ar Ghairm Nua a Chruthú arb éard í Tíolacóir

*Moltaí chun iomaíocht a fheabhsú agus chun éifeachtúlachtaí agus trédhearcacht a mhéadú*

I mí Aibreáin 2024, d'fhoilsigh ÚRSD tuarascáil saineolaithe neamhspleácha agus rinne sé moltaí le haghaidh athchóirithe chun iomaíocht a fheabhsú agus chun éifeachtúlachtaí agus trédhearcacht a mhéadú i soláthar seirbhísí tíolactha chun dul chun tairbhe do thomhaltóirí. Tugadh na moltaí sin sa tuarascáil ón Údarás dar teideal *'Consideration of a new profession of conveyancer: Report to the Minister for Justice'*.

Shainaithin ÚRSD trí réimse tosaíochta athchóirithe maidir le conas a oibríonn córas casta tíolactha na hÉireann agus maidir le conas a sholáthraíonn aturnaetha seirbhísí tíolactha do thomhaltóirí. Bhí sé mar aidhm leis na moltaí sa tuarascáil:

- An córas tíolactha a dhigitiú agus úsáid níos mó as an teicneolaíocht a chinntiú;
- Ceanglais trédhearcachta feabhsaithe a thabhairt isteach d'aturnaetha maidir le costais seirbhísí tíolactha; agus
- Feasacht a mhéadú i measc tomhaltóirí chun go mbeidh siad in ann cinntí eolacha a dhéanamh agus seirbhísí tíolactha á lorg acu ó aturnaetha.



# CUMARSÁID AGUS CAIDREAMH


Ar aon dul leis an bPlean Straitéiseach 2022-25 uainn, déanann ÚRSD caidreamh gníomhach lenár ngeallsealbhóirí chun feasacht a mhúscailt ar ár ngníomhaíochtaí rialála agus ar ár seirbhísí rialála. Príomhthosaíocht do ÚRSD is ea a chinntiú gur féidir le tomhaltóirí rochtain a fháil, trí chainéil inrochtana éagsúla, ar fhaisnéis iontaofa faoinár seirbhísí láimhseála gearán nuair a theastaíonn an fhaisnéis sin uathu.

Sa chéad ráithe den bhliain 2024, bhunaigh ÚRSD cuntas YouTube chun óstáil a dhéanamh ar shraith de thrí fhíseán bheoite faisnéise do thomhaltóirí faoi conas a oibríonn an tseirbhís gearán agus faoi na nithe ar féidir leat a bheith ag súil leo má tá gearán déanta agat faoi aturnae nó faoi abhcóide. Faoi dheireadh na bliana 2024, bhí breis agus 1,200 amharc faighte ag an gcuntas ar a chuid físeán.

Sa bhliain 2024, bhí cúis ag ÚRSD freisin le fógraí rabhaidh phoiblí a eisiúint faoi chúig ghnólacht dlí Éireannacha neamhrialáilte nó "bréige": MSD Law, Lake Business Law, Farnam Law, Rowan and Walsh Law, agus Hamil Law. Bhí na daoine aonair taobh thiar de na heintitis bhréige sin i mbun gníomhaíochtaí calaoiseacha, agus iad ag spriocdhíriú den chuid is mó ar dhaoine den diaspóra Éireannach. Leis na rabhaidh ó ÚRSD, cuireadh in iúl do thomhaltóirí nár ghnólachtaí dlí a bhí cláraithe le Dlí-Chumann na hÉireann iad na heintitis agus nár dhlíodóirí a bhí liostaithe ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha ó ÚRSD ná ar Rolla na nAturnaetha ón Dlí-Chumann iad baill foirne na n-eintiteas sin. Postáladh na fógraí rabhaidh ó ÚRSD ar shuíomh Gréasáin ÚRSD agus ar a chainéil meán sóisialta agus clúdaíodh iad sna meáin náisiúnta freisin.

Tugann ÚRSD tús áite do chaidreamh díreach soiléir tráthrialta a choinneáil ar bun le gairmithe dlí agus lena gcomhlachtaí ionadaíocha chun a chinntiú go gcoinnítear aturnaetha agus abhcóidí ar an eolas faoina n-oibleagáidí rialála.

Leis an tabhairt isteach comhpháirtíochtaí dlí i mí Mheán Fómhair 2024 mar shamhail nuálach nua ghnó do sholáthraithe seirbhísí dlí, sheol ÚRSD an chéad fheachtas faisnéise ilchainéil a bhí dírithe ar dhlí-chleachtóirí uaidh riamh. Ba í an tabhairt isteach Comhpháirtíochtaí Dlí go háirithe ba chúis le borradh suntasach faoin líon leantóirí agus faoin gcaidreamh ar ardán meán sóisialta gnó ÚRSD ar LinkedIn sa bhliain.








## Imeachtaí For-rochtana

Ar fud na bliana tuairiscithe, bhí an Dr Brian Doherty, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ÚRSD, i mbun teagmhála tráthrialta le hionadaithe ón Dlí-Chumann, ó Bharra na hÉireann agus ó Chumann Onórach Óstaí an Rí.

Thug an Dr Doherty cainteanna ar obair ÚRSD d'aturnaetha is comhaltaí de Chomhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath, d'abhcóidí is mic léinn agus do chéimithe de chuid Chumann Onórach Óstaí an Rí, agus chuir sé seimineár Gréasáin ar an gcreat um Chomhpháirtíochtaí Dlí i láthair. Bhí an seimineár Gréasáin sin ar oscailt do gach dlí-chleachtóir. Thug Tony Watson, Ceann ar Rannóg Gearán ÚRSD, láithreoireachtaí ar Eitic agus Iompar d'aturnaetha faoi oiliúint i scoil dlí an Dlí-Chumainn i bPlás Blackhall i mBaile Átha Cliath.


Tá liosta iomlán de na gníomhaíochtaí sin agus de ghníomhaíochtaí eile a rinneadh ar fáil sa tábla Príomhghníomhaíochtaí in Aguisín 1.

## Sna Meáin

Is mór againn ár gcaidreamh leis na meáin náisiúnta agus réigiúnacha agus leis na heagraíochtaí trádála dlí d'aturnaetha agus d'abhcóidí, mar atá an Law Society Gazette agus an Irish Legal News. Is cainéil thábhachtacha iad sin dúinn chun cumarsáid a dhéanamh le tomhaltóirí agus le dlí-chleachtóirí araon faoinár gcuid oibre rialála agus taighde agus faoinár seirbhísí láimhseála gearán.

Tugadh clúdach forleathan sna meáin sa bhliain 2024 do na tuarascálacha reachtúla ó ÚRSD. Áiríodh leis sin eagarfhocal in *The Irish Times* agus sé láithriú raidió san iomlán don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar chláir nuachta agus ghnó ar RTÉ Radio 1 agus ar Newstalk.

Le linn na bliana, d'eisigh ÚRSD naoi bpreaseisiúint san iomlán agus 22 chumarsáid san iomlán inar tugadh an t-eolas is deireanaí faoi nuacht agus faoi ghníomhaíochtaí. Thug preasoifig ÚRSD freagra ar dheich gceist dhíreacha san iomlán a fuarthas ó iriseoirí sa bhliain.


Watchdog wants solicitors compelled to publish their conveyancing pricing

Cost can vary to over €5,000 with the LSRA citing 'consumer inertia'

Regulator wants conveyancing reforms

Solicitors cannot just ignore legal services watchdog, judge warns

Inheritance scam alert – legal regulator warns fraudsters are posing as solicitors

Sophisticated con involves claim of 'long-lost relative'

Solicitor ordered to repay legal fees

The legal profession
An antiquated system

Legal profession must change workplace culture, says regulator

Authority finds barriers to entry for aspiring barristers and solicitors

Most young lawyers are white and from well-off homes – study

Reports point to an industry lacking diversity where pay grades vary greatly

'Qualifying barristers wishing to practise in the Law Library must do a minimum 12-month unpaid pupillage'

# FEACHTAS FEASACHTA COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ DLÍ 2024

Leis an tabhairt isteach comhpháirtíochtaí dlí i mí Mheán Fómhair 2024, seoladh an feachtas cumarsáide ilchainéil is mó go dtí seo de chuid ÚRSD, agus é dírithe ar fheasacht a mhúscailt i measc dlí-chleachtóirí faoin struchtúr nuálach nua gnó.

Áiríodh leis an bhfeachtas:

- An scéal clúdaigh in eagrán Lúnasa/Mheán Fómhair d'iris Law Society Gazette d'aturnaetha, rud a scaiptear ar gach aturnae.
- Feachtas fógraíochta digití a bhí dírithe ar aturnaetha agus ar abhcóidí araon in Gazette.ie agus ar sheirbhís nuachta ar líne Irish Legal News do dhlíodóirí.
- Fógraíocht LinkedIn a bhí dírithe ar aturnaetha agus ar abhcóidí.
- Suirbhé Ipsos B&A ar ghnólachtaí dlí ina bhfuarthas amach go ndúirt thart ar cheann amháin as gach cúig ghnólacht gur dhóigh go dtiocfadh a ngnólacht ina chomhpháirtíocht dlí d'aturnaetha agus d'abhcóidí sna cúig bliana atá romhainn.
- Ócáid seolta sa Ghailearaí Náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair ar fhreastail 40 duine ar tugadh cuireadh dóibh uirthi agus a raibh an Breitheamh Onórach Michael Twomey, breitheamh den Ard-Chúirt, ar an aoichainteoir aici.
- Óráid ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ag ócáid réamhbhia in Óstaí an Rí i mí na Samhna.
- Seimineár Gréasáin beo ar líne i mí na Nollag d'aturnaetha cáilithe agus d'abhcóidí cáilithe ar fhreastail breis agus 100 duine air.
- Rannán agus inneachar nua ar shuíomh Gréasáin ÚRSD, lena n-áirítear doiciméad cuimsitheach Ceisteanna Coitianta.
- Preasráiteas comhpháirteach agus deis grianghrafadóireachta chun an chéad chomhpháirtíocht dlí a bunaíodh, eadhon Simmons & Simmons Ireland, a chomóradh i mí na Samhna.
















# BUAICPHOINTÍ AN tSUÍMH GRÉASÁIN

**142,322**
an líon cuairteoirí ar an suíomh Gréasáin ag deireadh 2024

**24,816**
an líon íoslódálacha uathúla

## Na leathanaigh Ghréasáin ba mhó cuairt sa bhliain 2024

- Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha
- Conas gearán a dhéanamh
- Na nithe a bhféadfaidh tú gearán a dhéanamh fúthu
- Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta
- Comhpháirtíochtaí Dlí

## Buaicphointí Meán Sóisialta

LinkedIn –
**1,915** leantóir ag deireadh 2024

Méadú **93%** ó 2023

**165,000** imprisean



# 4. RIALACHAS AGUS BAINISTÍOCHT

## COMHALTAÍ DEN ÚDARÁS AGUS A gCOMHLACHTAÍ AINMNIÚCHÁIN

*Is mar a leanas atá na comhaltaí den Údarás agus a gcomhlachtaí ainmniúcháin faoin Acht:*



### Tom Boland, Cathaoirleach

**An tÚdarás um Ard-Oideachas**

I láthair na huaire, tá Tom Boland ina Chomhpháirtí Bainistíochta comhpháirteach in BH Associates, Sainchomhairleoirí Oideachais. Ar feadh 12 bhliain go dtí mí Lúnasa 2016, bhí sé ar an bPríomhfheidhmeannach ar an Údarás um Ard-Oideachas. Sna deich mbliana roimhe sin, d'fhóin sé mar Chomhairleoir Dlí agus mar Stiúrthóir um Beartas Straitéiseach don Roinn Oideachais. Tá céimeanna aige san innealtóireacht shibhialta agus sa dlí agus glaodh chun Barra na hÉireann é sa bhliain 1989. Bhronn Ollscoil na hÉireann Dochtúireacht san Oideachas (Hon. Causa) air sa bhliain 2017.

I láthair na huaire, tá Tom ar an gcathaoirleach ar Bhord Cheolfhoireann Náisiúnta Óige na hÉireann agus tá sé ina chomhalta de Choiste Cáilíochta Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn. Bhí poist bhoird aige roimhe seo i gComhaltacht Denham, i bhFondúireacht Eolaíochta Éireann, i gCoimisiún Fulbright agus san Ollscoil Liachta agus Eolaíochtaí Sláinte (RCSI), bhí sé ina chathaoirleach ar bhord Benefacts agus ar bhord HeaNet agus bhí sé ina leasuachtarán ar fhochoiste ECFE um ardoideachas.



### Éilis Barry

**Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas**

Is í Éilis Barry Príomhfheidhmeannach FLAC (Ionaid Chomhairle Dlí Saor in Aisce), eagraíocht neamhrialtasach neamhspleách um dhlí, comhionannas agus cearta an duine a fhéachann le rochtain ar an gceartas a chur chun cinn. B'abhcóide í a rinne speisialtóireacht i ngach gné den dlí fostaíochta, sa fhrith-idirdhealú agus sa chomhionannas. Is idirghabhálaí deimhnithe í. Bhí sí mar chomhairleoir dlí an Údaráis Comhionannais agus mar cheann a rannáin dlí ón mbliain 2000 go dtí an bhliain 2009. Bhí sí ina comhalta boird den Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Tá sí ina comhalta den Choiste um Rochtain ar an gCeartas de chuid an Phríomh-Bhreithimh. Tá sí ina hOllamh Taca i scoil an dlí i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.



### Shane Galligan

**Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí**

Tá Shane Galligan ina chomhpháirtí le Cuntasóirí Costas Dlí Behan & Associates. Tá sé ina chomhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí, tá sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Oideachais agus, ón mbliain 2012 i leith, tá sé ina chomhalta de Chomhairle Rialaithe na hInstitiúide, rud atá comhdhéanta de sheisear.

Tá Shane ina chomhalta d'Institiúid Chairte na nEadránaithe agus tá sé ina Idirghabhálaí Creidiúnaithe (CIArb) freisin.







### Paul McGarry SC

**Cumann Onórach Óstaí an Rí**

Bhí Paul McGarry SC ar an gCathaoirleach ar Bharra na hÉireann ón mbliain 2016 go dtí an bhliain 2018. Tá sé ina Bhinseoir d'Óstaí an Rí agus tá sé ina Mháistir ar an mBinse in Middle Temple i Londain. Is sa dlí tráchtála, sa dlí poiblí agus sa dlí Eorpach a chleachtann sé den chuid is mó. Roimhe sin, bhí sé ar an gCathaoirleach ar Chomhlachas Barra an Aontais Eorpaigh (2017-2019) agus ar Chomhlachas Barra an Dlí Spóirt (2017-2020) agus bhí sé mar cheann thoscaireacht na hÉireann chuig Comhairle na mBarraí Eorpacha (2016-2023).

Is idirghabhálaí creidiúnaithe agus eadránaí seanchleachta é Paul. Bhí sé ar an Uachtarán ar Arbitration Ireland ón mbliain 2022 go dtí an bhliain 2024.



### Sara Moorhead SC

**Barra na hÉireann**

Tá Sara Moorhead ina hAbhcóide Sinsir agus ina hIdirghabhálaí Creidiúnaithe de chuid an Ionaid um Réiteach Éifeachtach Díospóidí. Oibríonn sí go príomha mar dhlíodóir trialacha/abhcóide seomra cúirte. Tá saineolas fairsing aici ar na réimsí seo a leanas: Athbhreithniú Breithiúnach; Díobhálacha Pearsanta; an Dlí Riaracháin agus Dlí na gConarthaí; Faillí Leighis; Faillí Ghairmiúil; an Dlí Árachais; agus an Dlí Neamhghiúiré, Tearmainn agus Inimirce.

Rinne Sara ionadaíocht don Rialtas in imeachtaí os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Chuir sí comhairle ar Oifig na gComhairleoirí Dlí Parlaiminte agus ghníomhaigh sí mar Abhcóide Dlí i roinnt Binsí Fiosrúcháin freisin.



### Simon Murphy

**Dlí-Chumann na hÉireann**

Is comhpháirtí in JRAP O'Meara LLP Solicitors i gCorcaigh é Simon Murphy. Is Eadránaí agus Idirghabhálaí cáilithe é. Rinne sé cathaoirleacht roimhe seo ar phríomh-Choistí Rialála Dhlí-Chumann na hÉireann agus tá roinnt ról rialála aige ar fud gairmeacha éagsúla faoi láthair.

Chaith Simon roinnt mhaith blianta mar chomhalta tofa de Chomhairle Dhlí-Chumann na hÉireann agus bhí sé ar an Uachtarán ar Dhlí-Chumann na hÉireann sa bhliain 2015-2016. Tá sé ina iaruachtarán ar Chomhlachas Dlí an Deiscirt freisin.



## Michele O'Boyle SC

### Dlí-Chumann na hÉireann

Is aturnae í Michele O'Boyle SC agus tá sí ina hOllamh Cúnta Taca le Dlí i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá Michele ar an gcomhpháirtí Dlíthíochta Sibhialta in O'Boyle Solicitors, Sligeach, áit a bhfuil taithí fhairsing gnóthaithe aici ar an Dlí Díobhálacha Pearsanta, ar an Dlí Teaghlaigh agus ar an Dlí Fostaíochta. Ghníomhaigh sí ar son roinnt éilitheoirí i scéimeanna éagsúla ordaithe ceannaigh éigeantaigh agus i nithe Dlí Pleanála agus Comhshaoil.

Bhí sí ina comhalta tofa de Chomhairle Dhlí-Chumann na hÉireann ar feadh breis agus 20 bliain agus d'fhóin sí mar Uachtarán ar an Dlí-Chumann sa bhliain 2019-2020. Fónann sí ar choistí de chuid an Dlí-Chumainn agus, mar ainmní de chuid an Dlí-Chumainn, fónann sí ar Choiste Rialacha na gCúirteanna Uachtaracha. D'fhóin sí roimhe sin ar Choiste Rialacha na Cúirte Cuarda.

Tá Michele ina comhalta Comhairle den Chomhlachas Barra Idirnáisiúnta. Tá sí ina comhalta de Chomhlachas Barra Aturnaetha Shligigh agus ina hiar-Uachtarán ar an gComhlachas sin. Chomh maith leis sin, tá sí ina Stiúrthóir de Irish Rule of Law International agus tá sí ina Stiúrthóir de Benburb Street Property Company Limited. Bhí post Boird ag Michele roimhe seo leis an tSeirbhís Chúirteanna.



## Bríd O'Donovan

### An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Tá Bríd O'Donovan ar an mbunaitheoir agus ina stiúrthóir de Comhairle Consulting, cuideachta a sholáthraíonn tacaíocht sainchomhairleoireachta agus cóitseála d'fhoirne ceannaireachta sinsearaí sna réimsí seo a leanas: straitéis; forbairt samhlacha oibriúcháin inmheánaigh; rialachais; agus éifeachtacht boird. Bhí roinnt róil ceannaireachta sinsearaí ag Bríd roimhe seo le AIB.

Tá céim BA san Eacnamaíocht ag Bríd, is cuntasóir cáilithe í agus tá céim MBA aici ó Scoil Ghnó Smurfit. Is Stiúrthóir Bainc deimhnithe í, agus tá sí ina hIdirghabhálaí creidiúnaithe le hInstitiúid Idirghabhála na hÉireann.

Tá Bríd ina comhalta den Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus de Chlub Óige Belvedere. Tá sí ina comhalta de choiste iniúchóireachta Thailte Éireann. Bhí poist bhoird aici roimhe seo le hInstitiúid Idirghabhála na hÉireann agus le Bord Eatramhach Athchóirithe Soláthair an Rialtais agus bhí sí ina comhalta de choiste éagsúlachta agus cuimsithe an Irish Fund Directors Association.







## Paul O'Donovan

### Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann

I láthair na huaire, tá Paul O'Donovan ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar O'Donovan Associates. Thosaigh Paul a ghairm le Arthur Andersen & Co. agus tá sé ag obair mar shainchomhairleoir bainistíochta le breis agus 30 bliain anuas. Déanann sé speisialtóireacht i dtionscadail straitéiseacha agus oibríochtaí agus i seirbhísí comhairleacha d'institiúidí airgeadais, do chomhlachtaí ionadaíocha agus do rialálaithe.

Tá céim sa tráchtáil ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, ag Paul, tá Ard-Dioplóma i gCuntasaíocht Bainistíochta ó Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta (CIMA) aige agus bhí sé ina léachtóir lánaimseartha i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, agus ina léachtóir páirtaimseartha sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá sé ina iar-Stiúrthóir Neamhspleách Sinsearach den Investor Compensation Company Limited de chuid an Stáit, tá sé ina Stiúrthóir de Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa agus tá sé ina Chomhalta Comhairle de Chumann Ríomhaireachta na hÉireann.



## Síona Ryan

### An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

Tá Síona Ryan ar an Stiúrthóir um Rialáil Dhigiteach agus Sonraí sa Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Roimhe sin, bhí sí i gceannas ar an Rannán um Beartas, Taighde agus Gnóthaí Idirnáisiúnta san eagraíocht sin. Tá taithí fhairsing beartais phoiblí ag Síona in institiúidí Éireannacha, in institiúidí Eorpacha agus in institiúidí idirnáisiúnta.

Bhí ról lárnach aici sa bheartas poiblí a fhorbairt agus i reachtaíocht atá ag teacht chun cinn in Éirinn, lena n-áirítear i réimsí an Dlí Iomaíochta, an Dlí Cuideachtaí agus an Dlí Maoine Intleachtúla. Tá céim MA i gCaidreamh Idirnáisiúnta agus céim MA sa Dlí araon ag Síona.



## Emily Sherlock

### An Bord um Chúnamh Dlíthiúil

Cháiligh Emily Sherlock mar aturnae i Sasana agus an Bhreatain Bheag sa bhliain 2005, ag obair di ar dtús i gcleachtas ginearálta i Sasana agus an Bhreatain Bheag. Glacadh le Emily ar Rolla na nAturnaetha i dTuaisceart Éireann agus ansin i bPoblacht na hÉireann, agus chaith sí formhór a gairme ag déanamh speisialtóireacht sa Dlí Teaghlaigh, sa Dlí Cúram Leanaí agus sa Dlíthíocht Shibhialta.

Chuaigh Emily isteach sa Bhord um Chúnamh Dlíthiúil sa bhliain 2011 agus ceapadh í mar Stiúrthóir um Sholáthar Seirbhísí Inmheánacha (Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta) leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil i mí na Nollag 2023. Tá Máistreacht sa Dlí aici agus bhí sí ina comhalta Coiste den Choiste um Dhlí Teaghlaigh agus Leanaí de chuid an Dlí-Chumainn. Tá Emily ina comhalta de roinnt Coistí leis an Roinn Dlí agus Cirt agus leis an tSeirbhís Chúirteanna. Mar Stiúrthóir ar Sholáthar Seirbhísí Inmheánacha (Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta), tá freagracht ar Emily as líonra Ionad Dlí an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil a sholáthraíonn seirbhísí dlí thar ceann an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil agus tá sí mar chuid den Fhoireann Ardbhainistíochta laistigh den eagraíocht.

# STRUCHTÚR AN ÚDARÁIS

Cuimsíonn an tÚdarás Cathaoirleach agus deichniúr gnáthchomhaltaí, a gceapann an tAire Dlí agus Cirt gach duine díobh. Ceapadh comhaltaí an Údaráis ar feadh tréimhse trí bliana go ceithre bliana, agus tagann siad le chéile uair amháin ar a laghad gach trí mhí. Féadfaidh Comhaltaí an Údaráis fónamh ar feadh ocht mbliana san iomlán. Mar thoradh ar an gceanglas sin, chuaigh na téarmaí oifige a bhí ag seisear de chomhaltaí an Údaráis in éag ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2024. Ba iad seo na comhaltaí sin:

1. **Eileen Barrington SC**
2. **Angela Black**
3. **Geraldine Clarke SC**
4. **Joan Crawford**
5. **Dermott Jewell**
6. **Don Thornhill (Cathaoirleach)**

Cheap an tAire Dlí agus Cirt seisear comhaltaí nua chuig an Údarás le héifeacht ón 11 Nollaig 2024 i leith. Is iad seo na comhaltaí sin:

1. **Tom Boland (Cathaoirleach)**
2. **Paul McGarry SC**
3. **Michele O'Boyle SC**
4. **Bríd O'Donovan**
5. **Paul O'Donovan**
6. **Emily Sherlock**

Athcheapadh beirt chomhaltaí a bhí ann cheana (Éilis Barry agus Simon Murphy) chuig an Údarás le héifeacht ón dáta sin.

Ba iad seo a leanas na Comhaltaí den Údarás ag deireadh na bliana 2024:

**TÁBLA 4: Na Comhaltaí den Údarás ag deireadh na bliana 2024**

| COMHALTA | COMHLACHT AINMNIÚCHÁIN |
|---|---|
| Tom Boland (Cathaoirleach) | An tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA) |
| Éilis Barry | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) |
| Shane Galligan | Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí (ILCA) |
| Paul McGarry SC | Cumann Onórach Óstaí an Rí (HSKI) |
| Sara Moorhead SC | Comhairle an Bharra (Barra na hÉireann) |
| Simon Murphy | Dlí-Chumann na hÉireann (LSI) |
| Michele O'Boyle SC | Dlí-Chumann na hÉireann (LSI) |
| Bríd O'Donovan | An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (CIB) |
| Paul O'Donovan | Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann (CAI) |
| Síona Ryan | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) |
| Emily Sherlock | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil (LAB) |





**TÁBLA 5: Téarmaí Oifige na gComhaltaí den Údarás**

Mionsonraítear sa tábla thíos an tréimhse ceapacháin le haghaidh comhaltaí reatha agus áirítear leis na daoine sin a bhí ina gcomhaltaí sa bhliain 2024:

| COMHALTA DEN ÚDARÁS | EAGRAÍOCHT | AN CHÉAD TÉARMA CEAPACHÁIN [1] | AN DARA TÉARMA CEAPACHÁIN [2] | AN TRÍÚ TÉARMA CEAPACHÁIN |
|---|---|---|---|---|
| Eileen Barrington SC [3] | Cumann Onórach Óstaí an Rí | 4 Bliana | 4 Bliana | - |
| Angela Black [4] | An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | 4 Bliana | 4 Bliana | - |
| Geraldine Clarke SC [5] | Dlí-Chumann na hÉireann | 3 Bliana | 3 Bliana | 2 Bhliain |
| Joan Crawford [6] | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | 4 Bliana | 4 Bliana | - |
| Shane Galligan [7] | Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí | 14 mhí | 3 Bliana | - |
| Dermott Jewell [8] | Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann | 3 Bliana | 3 Bliana | 2 Bhliain |
| Deirdre Malone [9] | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 5 mhí | 4 Bliana | - |
| Sara Moorhead SC [10] | Comhairle an Bharra (Barra na hÉireann) | 17 mí | 3 Bliana | 3 Bliana |
| Simon Murphy [11] | Dlí-Chumann na hÉireann | 4 Bliana | - | - |
| Síona Ryan [12] | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 7 mí | 3 Bliana | - |
| Don Thornhill (Cathaoirleach) [13] | An tÚdarás um Ard-Oideachas | 4 Bliana | 4 Bliana | - |
| Tom Boland [14] | An tÚdarás um Ard-Oideachas | 4 Bliana | - | - |
| Paul McGarry SC [15] | Cumann Onórach Óstaí an Rí | 4 Bliana | - | - |
| Michele O'Boyle SC [16] | Dlí-Chumann na hÉireann | 3 Bliana | - | - |
| Bríd O'Donovan [17] | An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | 4 Bliana | - | - |
| Paul O'Donovan [18] | Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann | 3 Bliana | - | - |
| Emily Sherlock [19] | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | 4 Bliana | - | - |

1 Faoi alt 10 den Acht, déanfaidh cúigear de na comhaltaí den Údarás, a roghnófar trí chrannchur, oifig a shealbhú ar feadh tréimhse 3 bliana. Déanfaidh na comhaltaí eile, an Cathaoirleach ina measc, oifig a shealbhú ar feadh tréimhse 4 bliana. Féadfaidh comhaltaí a bheith athcheaptha chuig an Údarás. Mar sin féin, ní bheidh téarma an cheapacháin níos faide sa chomhiomlán ná 8 mbliana.

2 Chomhaontaigh comhaltaí a bhí ar théarma trí bliana a dtéarma a fhadú go ceann trí bliana eile faoi alt 10 d'Acht 2015.

3 Tháinig téarma oifige an chomhalta seo chun deiridh an 30 Meán Fómhair 2024.

4 Tháinig téarma oifige an chomhalta seo chun deiridh an 30 Meán Fómhair 2024.

5 Tháinig téarma oifige an chomhalta seo chun deiridh an 30 Meán Fómhair 2024.

6 Tháinig téarma oifige an chomhalta seo chun deiridh an 30 Meán Fómhair 2024.

7 Ceapadh Shane Galligan chuig an Údarás le héifeacht ón 22 Iúil 2021 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022 ar feadh an téarma a bhí fágtha ag Stephen Fitzpatrick ar éirí as dó. Athcheapadh Shane Galligan go ceann 3 bliana eile ón 1 Deireadh Fómhair 2022 i leith.

8 Tháinig téarma oifige an chomhalta seo chun deiridh an 30 Meán Fómhair 2024.

9 Ar ainmniúchán ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, ceapadh Éilis Barry chuig an Údarás i mí Aibreáin 2024 ar feadh an téarma a bhí fágtha de cheapachán bunaidh Deirdre Malone, a d'éirigh as sa bhliain 2023, go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2024 agus athcheapadh í ar feadh téarma ceithre bliana ón 11 Nollaig 2024 i leith.

10 Ceapadh Sara Moorhead chuig an Údarás i mí na Bealtaine 2018 tar éis David Barniville a cheapadh chun na hArd-Chúirte. Bhí an ceapachán sin le maireachtáil ar feadh an téarma a bhí fágtha den cheapachán bunaidh agus athnuadh é ón 1 Deireadh Fómhair 2019 i leith. Athcheapadh Sara Moorhead go ceann trí bliana eile ón 1 Deireadh Fómhair 2022 i leith.

11 Ceapadh Simon Murphy chuig an Údarás ón 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 tar éis é a bheith ainmnithe ag an Dlí-Chumann, agus athcheapadh é le héifeacht ón 11 Nollaig 2024 i leith ar feadh tréimhse ceithre bliana.

12 Ceapadh Síona Ryan chuig an Údarás ón 23 Feabhra 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022 chun teacht in áit Deirdre McHugh ar feadh na tréimhse a bhí fágtha den téarma sin. Athcheapadh Síona Ryan go ceann trí bliana eile ón 1 Deireadh Fómhair 2022 i leith.

13 Ceapadh an comhalta seo le héifeacht ón 11 Nollaig 2024 i leith.

14 Ceapadh an comhalta seo le héifeacht ón 11 Nollaig 2024 i leith.

15 Ceapadh an comhalta seo le héifeacht ón 11 Nollaig 2024 i leith.

16 Ceapadh an comhalta seo le héifeacht ón 11 Nollaig 2024 i leith.

17 Ceapadh an comhalta seo le héifeacht ón 11 Nollaig 2024 i leith.

18 Ceapadh an comhalta seo le héifeacht ón 11 Nollaig 2024 i leith.

19 Ceapadh an comhalta seo le héifeacht ón 11 Nollaig 2024 i leith.

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN ÚDARÁIS

Tháinig an tÚdarás le chéile ceithre huaire sa bhliain, agus corp suntasach oibre á thabhairt ar aghaidh aige chun leanúint le feidhmeanna an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí a thógáil agus a chur i gcrích. Foilsítear ar shuíomh Gréasáin ÚRSD na miontuairiscí ó gach cruinniú de chuid an Údaráis.

## An Chéad Chruinniú de chuid an Údaráis

Ag an gcéad chruinniú den bhliain dá chuid, a cuireadh ar siúl an 18 Eanáir 2024, tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi Thuarascáil Alt 34 ar Bhacainní, a bhí le cur faoi bhráid an Aire i mí Eanáir, agus faoi bhunú Choiste Alt 16 um an Oideachas agus an Oiliúint. Cuireadh in iúl don Údarás gur cuireadh Tuarascáil Alt 34 ar an nGairm arb éard í Tíolacóir faoi bhráid an Aire. Cheadaigh an tÚdarás an Plean Gnó 2024 ó ÚRSD agus an Plean Oibre um Chumarsáid agus Caidreamh 2024 ó ÚRSD. Chuir an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin dréacht-Rialacháin don chreat um Chomhpháirtíochtaí Dlí faoi bhráid an Údaráis. Athcheapadh roinnt comhaltaí den Choiste um Ghearáin, ar coiste reachtúil é, le Rún ón Údarás. Tugadh an t-eolas is deireanaí freisin faoi sholáthar foirne agus earcaíocht, faoi chaidreamh le geallsealbhóirí, faoi chumarsáid agus for-rochtain, agus faoi fhrithsciúradh airgid. Athbhreithníodh an t-eolas is deireanaí faoin tobhach, faoi airgeadas agus faoi chlár rioscaí ÚRSD. Tugadh tuarascálacha staitistiúla cuimsitheacha agus an t-eolas is deireanaí faoin bhfeidhm Gearán agus Réiteach agus faoi oibriú LPDT.

## An Dara Cruinniú de chuid an Údaráis

Ag an dara cruinniú den bhliain dá chuid, a cuireadh ar siúl an 21 Márta 2024, tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoin ngrúpa oibre a bunaíodh chun córas agus próiseas a fhorbairt i leith chur chun feidhme fheidhm iniúchtaí ÚRSD. Tugadh tuilleadh eolais don Údarás faoi bhunú Choiste Oideachais agus Oiliúna Alt 16, a mbeidh sé mar phríomhfheidhm aige an creat inniúlachta a chur i bhfeidhm don Choiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí (LPET), ar coiste reachtúil é. Phléigh an tÚdarás gníomhaíocht Cumarsáide ÚRSD, lenar áiríodh na físeáin faisnéise a sheol ÚRSD le déanaí ar a shuíomh Gréasáin agus ar a chainéal ar YouTube. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi Thuarascáil Alt 34 ar an nGairm arb éard í Tíolacóir agus thug sé dá aire go mbeadh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ag bualadh leis an ngrúpa um Thithíocht do Chách sna seachtainí a bhí le teacht. Thug Cathaoirleach an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi obair an Choiste, lenar áiríodh anailís ar Dhréacht-Ráitis Airgeadais ÚRSD don bhliain 2023. Cheadaigh an tÚdarás Dréacht-Ráitis Airgeadais ÚRSD don bhliain 2023, faoi réir chríochnú athbhreithniú an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ar na ráitis sin ag an gcruinniú dá chuid an 22 Márta 2024. Chuir an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Dréacht-Bhuiséad 2024 do ÚRSD/LPDT faoi bhráid an Údaráis. Tugadh an t-eolas is deireanaí freisin faoi sholáthar foirne agus earcaíocht, faoi chaidreamh le geallsealbhóirí, faoi chumarsáid agus for-rochtain, agus faoi fhrithsciúradh airgid. Athbhreithníodh an t-eolas is deireanaí faoin tobhach, faoi airgeadas agus faoi chlár rioscaí ÚRSD. Tugadh tuarascálacha staitistiúla cuimsitheacha agus an t-eolas is deireanaí faoin bhfeidhm Gearán agus Réiteach agus faoi oibriú LPDT.



Tuarascáil Bhliantúil 2024 | ÚRSD

## An Tríú Cruinniú de chuid an Údaráis

Ag an tríú cruinniú den bhliain dá chuid, a cuireadh ar siúl an 20 Meitheamh 2024, thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin faisnéis don Údarás faoi láithriú ÚRSD os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart an 18 Meitheamh 2024. Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an t-eolas is deireanaí don Údarás faoin dul chun cinn ar an bpróiseas le haghaidh ainmniúcháin chuig an Údarás, agus seisear Comhaltaí den Údarás ar tí a dtéarmaí oifige a chur i gcrích an 30 Meán Fómhair 2024. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi fhoilsiú na dtuarascálacha seo a leanas ón gcruinniú deireanach i leith agus thug sé dá aire é:

- Tuarascáil Bhliantúil 2023 ó ÚRSD
- Tuarascáil Bhliantúil ar Bheartais na nGairmeacha Dlí maidir le Glacadh
- An Chéad Tuarascáil Leathbhliantúil ar Ghearáin Alt 73 don bhliain 2024

Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar Thuarascáil 2024 ar Rialuithe Inmheánacha do ÚRSD/LPDT, rud a chuir an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt i gcrích do ÚRSD, agus cheadaigh sé í. Thug Cathaoirleach an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an t-eolas is deireanaí ón gcruinniú deireanach de chuid an Choiste i leith. Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi fhorbairt an chreata le haghaidh Comhpháirtíochtaí Dlí a thabhairt isteach, lenar áiríodh an próiseas comhairliúcháin agus ábhar faisnéise ar an tsamhail nua ghnó a fhorbairt do thomhaltóirí. Cheadaigh an tÚdarás na dréacht-Rialacháin agus an Cód Cleachtais d'Abhcóidí Cleachtacha a cheanglaítear le haghaidh na samhla comhpháirtíochtaí dlí, faoi réir mionleasuithe. Tugadh an t-eolas is deireanaí freisin faoi sholáthar foirne agus earcaíocht, faoi chaidreamh le geallsealbhóirí, faoi chumarsáid agus for-rochtain, agus faoi fhrithsciúradh airgid. Athbhreithníodh an t-eolas is deireanaí faoin tobhach, faoi airgeadas agus faoi chlár rioscaí ÚRSD. Tugadh tuarascálacha staitistiúla cuimsitheacha agus an t-eolas is deireanaí faoin bhfeidhm Gearán agus Réiteach agus faoi oibriú LPDT.

## An Ceathrú Cruinniú de chuid an Údaráis

Ag an gceathrú cruinniú den bhliain dá chuid, a cuireadh ar siúl an 12 Meán Fómhair 2024, thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí agus éachtaí ÚRSD ó bunaíodh é i mí Dheireadh Fómhair 2016 i leith. Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar an Tuarascáil ar an Measúnú Seachtrach ar Fheidhmíocht Rialachais an Údaráis agus cheadaigh sé í. Cuireadh de chúram ar Choiste Feidhmiúcháin ÚRSD plean cur chun feidhme a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí sa Tuarascáil. Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin faisnéis don Údarás faoin dul chun cinn ar thabhairt isteach an chreata um Chomhpháirtíochtaí Dlí.

Thug an tÚdarás dá aire an dul chun cinn agus go raibh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Cathaoirleach leis na rialacháin riachtanacha a shíniú go déanach i mí Mheán Fómhair agus go raibh ócáid seolta fhoirmiúil don tsamhail nua ghnó le cur ar siúl an 8 Deireadh Fómhair 2024. Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi bhunú Choiste Alt 16 um an Oideachas agus an Oiliúint, agus an tÚdarás á thabhairt dá aire gur eisíodh aighneacht chuig an Aire Dlí agus Cirt maidir le comhaltas agus le táillí, i measc nithe eile. Thug an tÚdarás dá aire gurbh amhlaidh, i gcomhthráth leis an ngníomhaíocht sin agus i gcomhréir leis an gclár oibre comhaontaithe, a rinneadh dhá thuarascáil a bheidh mar bhonn eolais faoin gCoiste a chur i gcrích cheana féin. Is é atá sa chéad tuarascáil ná athbhreithniú (lena ngabhann moltaí) ar na creataí inniúlachta atá ann cheana de chuid an Dlí-Chumainn, de chuid Chumann Onórach Óstaí an Rí agus de chuid Bharra na hÉireann. Is é atá sa dara tuarascáil ná athbhreithniú ar Acht 2015 lena ngabhann moltaí maidir leis an Ionstraim Reachtúil is gá chun an Coiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí (LPET) a bhunú. Thug an tÚdarás dá aire go bhfuair Cathaoirleach ÚRSD comhfhreagras ón Aire Dlí agus Cirt an 29 Lúnasa 2024 inar glacadh leis na moltaí a rinneadh sa tuarascáil ar Bhacainní agus inar iarradh ar ÚRSD plean cur chun feidhme a ullmhú le haghaidh na moltaí sa tuarascáil. Chuir an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin in iúl don Údarás go raibh tús curtha ag Coiste Feidhmiúcháin ÚRSD le hobair ar an bplean cur chun feidhme a chuirfí faoi

bhráid na Roinne roimh an 30 Meán Fómhair. Tugadh an t-eolas is deireanaí freisin faoi sholáthar foirne agus earcaíocht, faoi chaidreamh le geallsealbhóirí, faoi chumarsáid agus for-rochtain, agus faoi fhrithsciúradh airgid. Athbhreithníodh an t-eolas is deireanaí faoin tobhach, faoi airgeadas agus faoi chlár rioscaí ÚRSD. Tugadh tuarascálacha staitistiúla cuimsitheacha agus an t-eolas is deireanaí faoin bhfeidhm Gearán agus Réiteach agus faoi oibriú LPDT.

## Ráitis Airgeadais agus Soláthar

Sa bhliain 2024, chuir an tÚdarás an seachtú tacar Ráiteas Airgeadais uaidh don tréimhse ó mhí Eanáir 2023 go mí na Nollag 2023 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. An 13 Nollaig 2024, dheimhnigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais agus thuairiscigh sé gur tugadh sna Ráitis Airgeadais ó ÚRSD léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais ÚRSD amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102.

**TÁBLA 6: Freastal ar Chruinnithe Údarás ÚRSD, 2024**

| COMHALTAÍ | 18/01/24 | 21/03/24 | 20/06/24 | 12/09/24 |
|---|---|---|---|---|
| Eileen Barrington SC | ✔ | ✘ | ✔ | ✔ |
| Angela Black | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Geraldine Clarke SC | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Joan Crawford | ✔ | ✘ | ✔ | ✔ |
| Shane Galligan | ✘ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Dermott Jewell | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Éilis Barry* | n/b | n/b | ✘ | ✔ |
| Sara Moorhead SC | ✔ | ✘ | ✔ | ✘ |
| Simon Murphy | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Síona Ryan | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Don Thornhill (Cathaoirleach) | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |

** Ceapadh Éilis Barry chuig an Údarás le héifeacht ón 22 Aibreán 2024 i leith.*





Thug an tÚdarás faoi chleachtaí soláthair sa bhliain 2024, bunaithe ar an gcomhairle agus an cúnamh a fuarthas ón Oifig um Sholáthar Rialtais nuair ab ábhartha. Baineadh leas as na Creataí Uile-Rialtais a bhí ann cheana le linn na gcleachtaí soláthair nó, i gcás soláthairtí beaga, cuireadh na cleachtaí soláthair i gcrích ar aon dul leis na Treoirlínte Soláthair ón Oifig um Sholáthar Rialtais.

## An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca

Rinne Angela Black, comhalta den Údarás, cathaoirleacht ar Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ÚRSD. Shuigh Geraldine Clarke SC, comhalta den Údarás, ar an gcoiste freisin, i dteannta na gcomhaltaí seachtracha neamhspleácha den choiste, mar a bhí Peter O'Brien agus Claire Byrne. Tá an Rúnaí don Údarás ar an Rúnaí don Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca freisin.

Tháinig an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca le chéile trí huaire sa bhliain 2024. Ní rabhthas in ann an ceathrú cruinniú a reáchtáil toisc gur tháinig na téarmaí oifige de chuid comhaltaí den Choiste chun deiridh sa dara sé mhí den bhliain. Ag gach cruinniú, fuair an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca faisnéis ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, rinne sé athbhreithniú foirmiúil ar Chlár Rioscaí ÚRSD, agus scrúdaigh sé na bearta go léir atá déanta ag coiste feidhmiúcháin ÚRSD chun na rioscaí sin a mhaolú. Ina theannta sin, déanann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar Ráitis Airgeadais, ar chuntais bhainistíochta agus ar fhaisnéis airgeadais ghaolmhar atá suas chun dáta ag gach cruinniú. Chomh maith leis sin, athbhreithníonn an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca tuarascálacha iniúchóireachta, idir thuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí agus thuarascálacha iniúchóireachta seachtraí, do ÚRSD. Áirítear le sainchúram formhaoirseachta an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí (LPDT), rud a gcistíonn ÚRSD é agus a chuirtear ar áireamh i gcuntais ÚRSD. Déantar Clár Rioscaí, tuarascálacha iniúchóireachta, buiséad agus ráitis airgeadais ÚRSD a bhreithniú agus a mheas ag gach cruinniú de chuid an Údaráis freisin.

**TÁBLA 7: Freastal ar Chruinnithe Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ÚRSD, 2024**

| COMHALTAÍ | 02/02/23 | 12/09/24 | 12/09/24 | 12/09/24 |
|---|---|---|---|---|
| Angela Black (Cathaoirleach) | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Claire Byrne | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Geraldine Clarke SC | ✘ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Peter O'Brien | ✔ | ✔ | ✘ | ✔ |

# SOCRUITHE RIALACHAIS

Comhlacht atá neamhspleách go reachtúil is ea an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí. Faoi alt 13(3) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, ceanglaítear ar an Údarás bheith neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

Treoraítear creat rialachais ÚRSD leo seo:

- an tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (arna leasú);
- an Cód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, rud ar ghlac an tÚdarás é;
- an Cód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú: Ceanglais Ghnó agus Tuairiscithe Airgeadais (2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí, lena n-áirítear an Cód Caiteachais Phoiblí.

Rinne ÚRSD roinnt doiciméad rialachais a chur le chéile, lena n-áirítear:

- Cód Iompair do chomhaltaí an Údaráis;
- Cód Iompair do bhaill foirne an Údaráis;
- Téarmaí Tagartha don Údarás;
- Sceideal de nithe a tharmligtear agus nithe a fhorchoimeádtar don Údarás;
- Beartas maidir le Nochtadh Cosanta;
- Beartas Cosanta Sonraí;
- Clár Rioscaí agus Straitéis Bainistíochta Riosca;
- Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais;
- Beartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Leasanna;
- Plean Straitéiseach 2022-2025;
- Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh 2020-2023 idir ÚRSD agus an Roinn Dlí agus Cirt;
- Clár um Baill Foirne atá Údaraithe go Cuí chun feidhmeanna alt 13(7) a chomhlíonadh faoin Acht;
- Cairt um Sheirbhísí Ardchaighdeáin;
- Plean Gníomhaíochta um Sheirbhísí Ardchaighdeáin.

Cuireadh na doiciméid sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD i gcás gur cuí.

## Ról an Údaráis agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Cheadaigh an tÚdarás téarmaí tagartha do ÚRSD. Leagtar amach iontu na róil faoi seach atá ag an Údarás agus ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin mar a leanas:

### An tÚdarás:

Tá an tÚdarás freagrach as na nithe seo a leanas:

**i.** Treo straitéiseach agus mórphleananna gníomhaíochta ÚRSD a athbhreithniú agus a threorú;

**ii.** A chinntiú go gcomhlíonfar gach cuspóir reachtúil is infheidhme;

**iii.** An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta a choimeád cuntasach as comhlíonadh éifeachtach a bhfreagrachtaí;

**iv.** Beartais agus nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca;

**v.** Buiséid bhliantúla agus pleananna gnó;

**vi.** Cuspóirí feidhmíochta a leagan síos;

**vii.** Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus comhlíonadh;

**viii.** Maoirseacht a dhéanamh ar mhórbhreitheanna ar chaiteachas caipitil agus ar infheistíocht.

### An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:

Tarmligeann an tÚdarás an fhreagracht oibríochtúil as reáchtáil laethúil ÚRSD chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus chuig foireann ardbhainistíochta ÚRSD. Freastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar chruinnithe an Údaráis ar chuireadh a fháil ó Chathaoirleach an Údaráis agus tugann sé tuairisc go tráthrialta ar gach gné d'oibriú ÚRSD, de réir mar a éilíonn comhaltaí an Údaráis. Freastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar chruinnithe an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca freisin le haghaidh an t-eolas is deireanaí a thabhairt faoi bhainistíocht riosca agus airgeadais.

Tá ról agus freagrachtaí an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin leagtha amach san Acht. Sonraítear in alt 24(3) den Acht go ndéanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:

**i.** beartais agus breitheanna an Údaráis a chur i ngníomh,

**ii.** foireann, riarachán agus gnó an Údaráis a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne,

**iii.** bheith freagrach don Údarás as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, agus

**iv.** cibé feidhmeanna eile (más ann) a chomhlíonadh a cheanglóidh an tÚdarás nó a údarófar faoin Acht seo.

Aon fheidhm de chuid an Údaráis, féadfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó aon bhall d'fhoireann an Údaráis a bheidh údaraithe go cuí ag an Údarás chun na críche sin í a chomhlíonadh nó féadfar í a chomhlíonadh tríothu sin faoi alt 13(7) den Acht.

Cinntíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin go gcoimeádtar an tÚdarás ar an eolas go hiomlán faoi shaincheisteanna straitéiseacha agus dúshláin straitéiseacha a théann i bhfeidhm ar ÚRSD agus ar an timpeallacht ina n-oibríonn sé.

## Coinbhleachtaí Leasa

D'fhorbair an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí "Beartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Leasanna". I gcomhréir leis an mbeartas agus leis na Cóid Iompair do chomhaltaí agus baill foirne an Údaráis, cláraíonn comhaltaí an Údaráis agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a leasanna in aon ghnóthais iomchuí eile le Rúnaí an Údaráis ar iad a cheapadh agus ar bhonn bliantúil. De bhreis air sin, cuirtear dearbhuithe leasa i míreanna sonracha ar an gclár oibre ar áireamh mar bhuanmhír de gach cruinniú de chuid an Údaráis agus de gach cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca.

## Meastóireacht Feidhmíochta

Chuir an tÚdarás Measúnú Seachtrach ar Fheidhmíocht Rialachais an Údaráis i gcrích sa bhliain 2024. Cheadaigh an tÚdarás tuarascáil an mheasúnaithe sheachtraigh ag an gcruinniú dá chuid an 12 Meán Fómhair 2024.

## Cruinnithe Rialachais agus Gníomhaireachtaí leis an Roinn Dlí agus Cirt

Ar fud na bliana 2024, bhí ÚRSD i mbun teagmháil fhairsing le hoifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt ar bhonn foirmiúil agus ar bhonn neamhfhoirmiúil araon. Cuireadh dhá Chruinniú Rialachais fhoirmiúla ar siúl sa bhliain 2024 idir ÚRSD agus an tAonad um Rialachas Sibhialta de chuid na Roinne Dlí agus Cirt. Cuireadh ar siúl iad an 20 Márta agus an 19 Meán Fómhair.

## Tuairisciú Airgeadais

Chloígh an tÚdarás le gach nós imeachta cuí maidir le tuairisciú airgeadais sa bhliain 2024. Comhaontaíodh buiséad bliantúil don bhliain 2024 ag an gcruinniú deiridh de chuid an Údaráis an 16 Samhain 2023. Mar gheall ar oibriú na samhla tobhaigh nua sa bhliain 2024, rud a n-áirítear leis gné ar chaiteachas buiséadaithe, ba ghá tuilleadh faireacháin agus athbhreithnithe a dhéanamh ar an mbuiséad sin sa bhliain 2024 go dtí gur cuireadh an próiseas ríofa tobhaigh i gcrích i mí an Mheithimh 2024. D'athbhreithnigh an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an buiséad freisin (d'athbhreithnigh sé an buiséad bunaidh ag an gcruinniú dá chuid an 9 Feabhra 2024 agus d'athbhreithnigh sé buiséid leasaithe ag na cruinnithe dá chuid an 22 Márta agus an 24 Bealtaine 2024).

Chuir an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin cuntais bhainistíochta suas chun dáta i láthair ag gach cruinniú de chuid an Údaráis. Déanann na soláthraithe seirbhíse cuntasaíochta cuntais bhainistíochta mhíosúla a chur faoi bhráid an Údaráis agus an Choiste Feidhmiúcháin ar fud na bliana. Cinntíonn sé sin go mbíonn rochtain ag an bhfoireann ardbhainistíochta ar fhaisnéis ábhartha thráthúil airgeadais agus neamhairgeadais. Soláthraítear na cuntais bhainistíochta don Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca freisin lena n-iniúchadh.

Rinneadh Ráiteas Airgeadais Bliantúil ar Chuntais ÚRSD don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023 a ullmhú agus a chur faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi spriocdháta an 31 Márta 2024. Cheadaigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste cuntais iniúchta an 13 Nollaig 2024. Ina dhiaidh sin, cuireadh na cuntais iniúchta faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, mar aon le Litir Uiríll shínithe, Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh don Aire agus cóip den tuarascáil iniúchóireachta a bhí le leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

## Frithsciúradh Airgid

Is é ÚRSD an t-údarás inniúil faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010, arna leasú, do na habhcóidí uile sa Stát a bhfuil a n-ainm ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha, ar rolla é a dhéanann ÚRSD a chothabháil. Ina cháil mar údarás inniúil, cuirtear de chúram ar ÚRSD faireachán a dhéanamh ar na habhcóidí sin ('daoine ainmnithe') agus na bearta is gá go réasúnach a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh siad ceanglais Chuid 4 d'Acht 2010.

Tá ÚRSD ina chomhalta den Choiste Stiúrtha um Fhrithsciúradh Airgid (AMLSC), rud a ndéanann an Roinn Airgeadais cathaoirleacht air agus a dhéanann formhaoirseacht agus athbhreithniú gníomhach ar chreat na hÉireann um Fhrithsciúradh Airgid/Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac. D'fhreastail ÚRSD ar chruinnithe sceidealaithe AMLSC sa bhliain 2024. Chomh maith leis sin, chuir sé sonraí agus staitisticí a bhaineann le Frithsciúradh Airgid agus le Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac isteach le haghaidh Thuarascáil Bhliantúil AMLSC don bhliain 2023.

Lean ÚRSD sa bhliain 2024 freisin d'fhaireachán agus nuashonrú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá foilsithe ar a shuíomh Gréasáin chun cabhrú le habhcóidí cleachtacha i ndáil leis na hoibleagáidí athraitheacha atá orthu de bhun smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh i gcoinne Stát na Rúise agus i gcoinne daoine agus eintitis Rúiseacha ghaolmhara.



Tuarascáil Bhliantúil 2024 | ÚRSD

Sa bhliain 2024, rinne an Roinn Dlí agus Cirt teagmháil le ÚRSD maidir le Trasuí an 6ú Pacáiste maidir le Frithsciúradh Airgid. Mhol an Roinn Dlí agus Cirt athruithe suntasacha rialála ar fheidhmeanna ÚRSD agus LPDT chun a chinntiú go mbeadh Stát na hÉireann ag teacht le ceanglais an 6ú Pacáiste maidir le Frithsciúradh Airgid.

Bunaíodh Údarás an Aontais Eorpaigh um Frithsciúradh Airgid (AMLA) le Rialachán (AE) 2024/1620 agus ceanglaítear leis go n-ainmneodh gach Ballstát 'ionadaí coiteann aonair'. Ag cruinniú de chuid Shainghrúpa an Aontais Eorpaigh um Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac an 13 Meitheamh 2024, d'ullmhaigh Tascfhórsa AMLA de chuid an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh cruinnithe amach anseo de chuid Bhord Ginearálta AMLA i gcomhdhéanamh maoirseachta. Mar a d'iarr an Roinn Airgeadais, chuir ÚRSD an fhaisnéis riachtanach faoi bhráid na Roinne Airgeadais mar fhreagairt don chruinniú sin. Ina dhiaidh sin, chuir an Roinn Airgeadais cruinniú de na hÚdaráis Mhaoirseachta um Fhrithsciúradh Airgid ar siúl an 28 Lúnasa 2024. Rinne an Banc Ceannais ÚRSD a mholadh agus a ainmniú mar ionadaí aonair Stát na hÉireann chuig AMLA.

An 8 Samhain 2024, d'fhreastail ÚRSD ar chruinniú de chuid na n-údarás maoirseachta um fhrithsciúradh airgid, a cuireadh ar siúl roimh chruinniú ullmhúcháin de chuid AMLA. Is é aidhm AMLA an mhaoirseacht ar fhrithsciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac a bhunathrú chun feabhais ar fud an Aontais Eorpaigh agus comhar i measc aonaid um fhaisnéis airgeadais a fheabhsú. Rinne an Banc Ceannais agus an tAonad um Fhaisnéis Airgeadais de chuid an Gharda Síochána ionadaíocht d'Éirinn ag an gcruinniú ullmhúcháin sin de chuid AMLA an 19 Samhain 2024. Chuir AMLA tús le cruinnithe míosúla sa bhliain 2025 agus déanfaidh ÚRSD, mar aon le húdaráis inniúla AML eile in Éirinn, caidreamh le AMLA trí Bhanc Ceannais na hÉireann agus rannchuideoidh siad de réir mar is gá trí ghrúpaí oibre éagsúla agus trí líonraí saineolaithe éagsúla.

## An Dlí Cánach

Chomhlíon an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí na hoibleagáidí go léir a bhí air faoin dlí cánach sa bhliain 2024.

## Gníomhartha Trédhearcachta

Tá Trédhearcacht agus Cuntasacht glactha ag an Údarás mar cheann amháin de na bunluachanna atá aige. Tá an tÚdarás tiomanta do thrédhearcacht i dtaca lena chuid oibre agus lena chinnteoireacht. Foilsítear ar shuíomh Gréasáin ÚRSD na miontuairiscí ó gach cruinniú de chuid an Údaráis agus na pointí gníomhaíochta a eascraíonn astu. Chomh maith leis sin, foilsíonn ÚRSD gach ceann de na tuarascálacha reachtúla arna n-ullmhú ag an Údarás nó thar a cheann. Cuirtear ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD mar ghnáthamh freisin na haighneachtaí a dhéantar leis an Údarás mar chuid de chomhairliúcháin phoiblí.

Nuashonraítear suíomh Gréasáin ÚRSD go tráthrialta le faisnéis do thomhaltóirí, do dhlí-chleachtóirí, d'iriseoirí agus do gheallsealbhóirí eile faoi obair leanúnach ÚRSD i gcomhlíonadh a fheidhmeanna reachtúla. Ar na príomhdhoiciméid beartais inmheánaigh ar ár suíomh Gréasáin tá Beartas ÚRSD maidir le Nochtadh Cosanta agus an Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh idir ÚRSD agus an Roinn Dlí agus Cirt.

Nuashonraítear cainéil meán sóisialta ÚRSD go tráthrialta le faisnéis do thomhaltóirí faoinár seirbhísí láimhseála gearán. Cuirtear an fhaisnéis sin i láthair i dteanga inrochtana agus i meáin inrochtana, lena n-áirítear grafaicí agus físeáin bheoite lena ngabhann fotheidil. Meán tábhachtach eile trínar féidir le ÚRSD cumarsáid a dhéanamh go díreach le haturnaetha, le habhcóidí agus le príomh-gheallsealbhóirí eile is ea cainéil meán sóisialta ÚRSD. Postáiltear gach folúntas poist ar shuíomh Gréasáin ÚRSD agus ar a chainéil meán sóisialta.

## Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Tá ÚRSD cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Tá Beartas Cosanta Sonraí ÚRSD ar fáil ar a shuíomh Gréasáin. Fuair ÚRSD 19 nIarraidh Rochtana ó Ábhar Sonraí faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise sa bhliain 2024.

Bhí 17 sárú sonraí ag ÚRSD sa bhliain 2024. Cinneadh 12 cheann de na sáruithe sin a bheith ina sáruithe íseal-leibhéil. Measadh cúig shárú a bheith ina sáruithe meánriosca agus cuireadh an Coimisiún um Chosaint Sonraí ar an eolas fúthu sin.

## Iarrataí Saorála Faisnéise agus Ceisteanna Ginearálta

Comhlacht Saorála Faisnéise faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, is ea ÚRSD. Fuair ÚRSD 16 iarraidh saorála faisnéise san iomlán faoin Acht sa bhliain 2024. Ba i gcomhréir leis an Acht a déileáladh leis na hiarrataí.

Maidir le ceisteanna agus iarrataí ar fhaisnéis ghinearálta ón bpobal, ó na meáin, ó chomhaltaí de na gairmeacha dlí agus ó gheallsealbhóirí eile, is é an coiste feidhmiúcháin a admhaíonn iad agus a thugann freagra orthu. Tá sé mar chuspóir ag ÚRSD gach ceist agus iarraidh a admháil laistigh de thrí lá ó iad a fháil agus freagra substainteach a eisiúint, nuair is féidir, laistigh de 14 lá.

## An Ghaeilge

Sa bhliain 2020, cuireadh ÚRSD ar áireamh mar chomhlacht poiblí chun críocha Achtanna na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus 2021 faoi na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Comhlachtaí Poiblí), 2019 (I.R. Uimh. 230 de 2020). Sa bhliain 2023, cheap Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ÚRSD bainisteoir sinsearach, faoi alt 4B d'Acht 2021, chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí ÚRSD faoin Acht agus chun tuairisc a thabhairt ina leith.

I mí an Mhárta 2024, thug ÚRSD féintuairisc den chéad uair riamh ar a ghníomhaíochtaí fógraíochta d'Oifig an Choimisinéara Teanga don tréimhse ó mhí Eanáir go dtí mí na Nollag 2023. Ceanglaítear an tuairisciú bliantúil sin ag ÚRSD mar chomhlacht earnála poiblí faoi alt 10A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, a tháinig in éifeacht i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Forordaítear le halt 10A nach mór do chomhlachtaí poiblí a chinntiú:

- **gur trí Ghaeilge a dhéantar 20% dá bhfógraíocht ar fad gach bliain; agus**
- **gur ar fhógraíocht sna meáin Ghaeilge a chaitear 5% ar a laghad dá mbuiséad fógraíochta bliantúil.**

Áirítear na nithe seo a leanas leis na gníomhartha atá déanta ag ÚRSD chun ár seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge:

- **Tugtar freagra i nGaeilge ar chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge ó ghearánaigh agus ó dhlí-chleachtóirí.**
- **Tá leaganacha Gaeilge de thuarascálacha corparáideacha ar fáil, lena n-áirítear tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise.**
- **Tá doiciméid seirbhíse ar fáil i nGaeilge ar an suíomh Gréasáin, lena n-áirítear treoir d'abhcóidí ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha agus Foirmeacha Gearáin.**
- **Is féidir le baill foirne na rannóige gearán déileáil le ceisteanna teileafóin i nGaeilge.**
- **Tá ábhair earcaíochta ar fáil i nGaeilge agus féadfaidh iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar fholúntais i nGaeilge.**
- **Éascaíonn Rúnaíocht ÚRSD don Choiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta iarratais i nGaeilge agus i mBéarla araon.**

## Nochtadh Cosanta

Rinne ÚRSD Beartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Cosanta a thabhairt isteach. Ní dhearnadh aon Nochtadh Cosanta go díreach do ÚRSD sa bhliain 2024. Tharchuir an Coimisinéir um Nochtadh Cosanta sé ní chuig ÚRSD faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú). Tarchuireadh cúig cinn de na nithe sin faoi alt 10C(1)(b) den Acht agus tarchuireadh ní amháin faoi alt 10D(1)(b)(ii). Tharchuir duine forordaithe eile ní amháin faoi alt 7A(1)(b)(vi). Bhí sé cinn de na hábhair ag fanacht le cur i gcrích an mheasúnaithe ag deireadh na bliana 2024, agus measadh ní amháin sa bhliain 2024 a bheith ina ní nach raibh aon údar le haon ghníomhaíocht leantach a dhéanamh ina leith. Rinneadh tuarascáil ina léirítear an staid sin a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin ÚRSD.

## Comhlíonadh an Chóid ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Ghlac ÚRSD an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. Chomhlíon ÚRSD an Cód ón Roinn go hiomlán sa bhliain 2024, gan na heisceachtaí seo a leanas a áireamh:

- **Rannáin 8.14, 8.15** – **Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil: Rachaidh ÚRSD i dteagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt sa bhliain 2025 i ndáil le hAthbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil a sceidealú.**

**TÁBLA 8:** Iarrataí Saorála Faisnéise sa bhliain 2024

| TAG. | CATAGÓIR IARRTHÓRA | GÉILLEADH DON IARRAIDH | GÉILLEADH GO PÁIRTEACH DON IARRAIDH | DIÚLTAÍODH GÉILLEADH DON IARRAIDH | TARRAINGÍODH AN IARRAIDH SIAR | AG FANACHT LE BREITH |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 01 | Duine den Phobal | ✘ | | | | |
| 02 | Duine den Phobal | ✘ | | | | |
| 03 | Iriseoir | | | ✘ | | |
| 04 | Duine den Phobal | ✘ | | | | |
| 05 | Duine den Phobal | ✘ | | | | |
| 06 | Duine den Phobal | ✘ | | | | |
| 07 | Dlí-Chleachtóir | ✘ | | | | |
| 08 | Duine den Phobal | | ✘ | | | |
| 09 | Duine den Phobal | ✘ | | | | |
| 10 | Iriseoir | ✘ | | | | |
| 11 | Duine den Phobal | ✘ | | | | |
| 12 | Duine den Phobal | | | ✘ | | |
| 13 | Duine den Phobal | ✘ | | | | |
| 14 | Duine den Phobal | ✘ | | | | |
| 15 | Dlí-Chleachtóir | ✘ | | | | |
| 16 | Duine den Phobal | | ✘ | | | |



Tuarascáil Bhliantúil 2024 | ÚRSD

# FORBAIRTÍ EAGRAÍOCHTA

## Acmhainní foirne

Faoi théarmaí Acht 2015, ceapann an tÚdarás a fhoireann féin le ceadú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireadh cúig chomórtas ar siúl sa bhliain 2024 le haghaidh róil éagsúla in ÚRSD. Tugann an tÚdarás líon beag de na baill foirne thuas ar iasacht don Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí (LPDT) agus, sa bhliain 2024, d'fhostaigh sé cúigear ball foirne ar chonarthaí páirtaimseartha le haghaidh tionscadail shonracha (e.g., idirghabháil).

**TÁBLA 9:** Foireann ÚRSD sa bhliain 2024

| POST | 2024* |
|---|---|
| Rúnaí Cúnta | 1 |
| Príomhoifigeach | 2 |
| Príomhoifigeach Cúnta | 5 |
| Cláraitheoir | 1 |
| Comhairleoir Dlí | 2 |
| Aturnae Stáit | 11 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 8 |
| Taighdeoir Dlí | 0 |
| Bainisteoir Oifigeach | 2 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 8 |
| Oifigeach Cléireachais | 17 |
| Conraitheoirí | 6 |
| **IOMLÁN** | **63** |
| *(Ar baill foirne LPDT iad)* | 9 |

** Líon foirne amhail an 31 Nollaig 2024. Léirítear socruithe postroinnte sa líon sin. Is ionann 63 bhall foirne san iomlán agus 54.53 CL (Coibhéisí Lánaimseartha).*

## Bainistíocht Tinrimh agus Feidhmíocht

Taifeadtar an méid ama a chaitheann baill foirne ar obair ar ghearáin i mbileoga ama atá bunaithe ar aonaid 15 nóiméad. Cabhraíonn sé sin le ÚRSD an tobhach bliantúil ar na gairmeacha a ríomh. Leanann Softworks, Córas Bainistíochta Ama, ar aghaidh ag cabhrú le ríomhanna agus cionroinnt don tobhach. Tá próiseas bainistíochta promhaidh i bhfeidhm ag ÚRSD le haghaidh gach baill foirne nua. Tá Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) ann don fhoireann ar fad freisin. Cuireadh oiliúint sa CBFF le linn na bliana 2024 ar na baill foirne uile.

## Forbairt Leanúnach dár bhFoireann

D'fhreastail baill foirne ar lear cúrsaí oiliúna, comhdhálacha agus seimineár sa bhliain 2024. Cumhdaíodh a lán réimsí difriúla iontu sin. Sholáthair ÚRSD cúrsaí in Word agus in Excel don fhoireann ar fad, mar aon le cúrsaí i gCosaint Sonraí/an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus sa Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta. Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus beirt bhainisteoirí shinsearacha páirt sa chlár Ceannaireachta um Athrú Aeráide a soláthraíodh tríd an bhForas Riaracháin (IPA). Rinneadh cúrsa saincheaptha ar Chostais Aturnaetha a dhearadh agus a sholáthar do na baill foirne uile a bhí ag obair sa Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach.

Tá ÚRSD ina chomhalta d'Fhóram Rialachais an Fhorais Riaracháin, agus d'fhreastail roinnt baill foirne agus roinnt comhaltaí den Údarás ar sheisiúin fhiorúla agus phearsanta oiliúna agus faisnéise tríd an bhFóram sin sa bhliain 2024. Áiríodh leo sin:

- Líonra na Rúnaithe Boird, an 6 Márta agus an 11 Meán Fómhair 2024;
- Príomhreachtaíocht – Saoráil Faisnéise, Nochtadh Cosanta a bhaineann le Sonraí;
- Intleacht Shaorga – Cibearbhagairtí agus Cibirdheiseanna;
- Inbhuanaitheacht a Chur i gCroílár na hEagraíochta.

Cuireadh Laethanta Foirne Uile ar siúl i mí na Bealtaine 2024 agus i mí na Nollag 2024, ar lena linn a tugadh deis don fhoireann ionchuir a chloisteáil ó chinn rannóige in ÚRSD agus in LPDT agus a mheasúnú conas a rannchuidíonn a ról le spriocanna na heagraíochta ina hiomláine. Chomh maith leis sin, fuair an fhoireann faisnéis agus treoir maidir le leas foirne agus leis na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil. Áiríodh leis an bhfaisnéis sin láithreoireacht a thug an Foras Riaracháin ar "Bhur nAthléimneacht a Thógáil" ag ár Lá Foirne Uile i mí na Bealtaine 2024. Labhair ionadaithe ón tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta agus ó FLAC faoina gcuid oibre ag an Lá Foirne Uile i mí na Bealtaine 2024 freisin. Thug comhalta sinsearach d'Oifig an Ombudsman láithreoireacht ar obair an Ombudsman ag an Lá Foirne Uile i mí na Nollag 2024.





## Sláinte agus Sábháilteacht sa bhliain 2024

Chabhraigh Aonad TFC na Roinne Dlí agus Cirt leis an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha chun a shocrú go mbeadh cianrochtain ag baill foirne nua ar chórais ghnó ÚRSD. Chloígh ÚRSD leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus leis na Rialacháin fán Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta), 2007. Chloígh ÚRSD le beartais agus nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta agus sholáthair sé oiliúint chuí, cláir feasachta sábháilteachta agus trealamh cosanta pearsanta. Fuair an fhoireann oiliúint Maor Dóiteáin agus Oifigeach Sábháilteachta sa bhliain 2024.

## An Dualgas Earnála Poiblí agus Cearta an Duine

Lean ÚRSD le comhlíonadh a dhéanamh ar a oibleagáidí do bhaill foirne agus do thomhaltóirí faoin Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.

Le halt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, leagtar dualgas ar chomhlachtaí poiblí ar nós an Údaráis aird a thabhairt ar an ngá atá ann leis an idirdhealú a dhíothú, leis an gcomhionannas deise a chur chun cinn agus le cearta an duine atá ag na baill foirne agus na daoine a soláthraítear seirbhísí dóibh a chosaint.

Sa Phlean Straitéiseach 2022-2025 ó ÚRSD, sainaithníodh na cúig réimse seo a leanas le haghaidh feabhais:

- An Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí uainn agus an dóigh a bhfreagraímid ar cheisteanna ón bpobal, ag féachaint dá éagsúlacht, a athrú chun dáta.
- Inrochtaineacht ár gcumarsáidí a mhéadú chun a chinntiú go mbeidh sé de chumas ag tomhaltóirí agus ag dlí-chleachtóirí tuiscint a ghnóthú ar ár ról rialála agus ar ár seirbhísí rialála, go háirithe maidir le gearáin a fháil agus a imscrúdú.
- Ár suíomh Gréasáin a uasghrádú ar aon dul le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Inrochtaineacht Suíomhanna Gréasáin agus Feidhmchlár Móibíleach de chuid Comhlachtaí Earnáil Phoiblí), 2020.
- Ár gclár leanúnach imeachtaí agus caidrimh le geallsealbhóirí a mhéadú chun a chinntiú go mbeidh tomhaltóirí seirbhísí dlí, dlí-chleachtóirí agus a gcomhlachtaí ionadaíocha agus geallsealbhóirí eile in ann a dtuairimí a chomhroinnt agus eolas a dhéanamh dár bhfeidhmeanna rialála agus dár gcuspóirí reachtúla.
- Tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn sa Tuarascáil Bhliantúil uainn.

De bhreis air sin, is amhlaidh, mar chuid de thiomantas ÚRSD do chomhionannas, d'éagsúlacht agus do chuimsiú, formhuiníonn an tÚdarás Físráiteas, Tiomantais agus Múnla Aibíochta Ár Seirbhís Phoiblí 2020. Táimid muiníneach go saibhreoidh sé sin ár n-áit oibre agus go gcothóidh sé iontaoibh agus muinín an phobail as ár n-eagraíocht.

Thug ÚRSD faoin obair feabhais seo a leanas sna réimsí sin sa bhliain 2024:

- Léiríodh sraith de thrí threoir físeáin bheoite do thomhaltóirí maidir le seirbhís gearán ÚRSD. Tá na físeáin ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD agus ar a chainéal ar YouTube.
- Clár leathnaithe um imeachtaí geallsealbhóirí.
- Rinneadh na litreacha teimpléid uile a úsáideann an tAonad Gearán a leasú le linn na bliana chun caighdeáin Béarla shimplí a ghlacadh. Tá an tionscadal sin ar siúl fós.
- Chun feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraímid, d'eisigh an tAonad Gearán ceistneoir aiseolais chuig 440 gearánach ar dúnadh na gearáin uathu. Rinneadh anailís ar thorthaí an cheistneora agus cuirfear moltaí le haghaidh feabhais chun feidhme, i gcás gur féidir.
- Cuireadh tuilleadh acmhainní i leataobh le haghaidh ceisteanna a fháil agus freagra a thabhairt orthu.

## Comhaontú Seirbhíse idir ÚRSD agus LPDT

Tá Comhaontú Seirbhíse i bhfeidhm idir ÚRSD agus LPDT don tréimhse ón mbliain 2022 go dtí an bhliain 2025. Lean Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Rannóg Gnóthaí Corparáideacha ÚRSD de thacaí riaracháin a thabhairt do LPDT sa bhliain 2024. Áiríodh leo sin tacaíocht agus comhairle maidir le rialachas, le soláthar, le seirbhísí agus le soláthairtí, oiliúint foirne agus tacaí eile acmhainní daonna. Soláthraíonn Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ÚRSD formhaoirseacht don Bhinse.

## Teicneolaíocht Faisnéise

Tá Comhaontú Seirbhíse, Ráiteas faoi Dhearbhú Rialachais agus Comhaontú Próiseála Sonraí i bhfeidhm ag ÚRSD leis an Roinn Dlí agus Cirt. Chabhraigh Rannóg TF na Roinne leis an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha chun a shocrú go mbeadh cianrochtain ag baill foirne nua ar chórais inmheánacha ÚRSD chun go mbeadh siad in ann obair go sábháilte ón mbaile. D'fhreastail ÚRSD ar sheisiúin faisnéise inar thug Rannóg Bainistíochta Faisnéise agus Teicneolaíochta na Roinne Dlí agus Cirt an t-eolas is deireanaí do ghníomhaireachtaí sa bhliain 2024.

## Éifeachtúlachtaí Fuinnimh

Rinneadh suirbhé ar áitreabh ÚRSD sa bhliain 2023 maidir leis na roghanna atá ann chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh, go háirithe i ndáil le téamh. Feachtais feasachta fuinnimh, an Fhoireann Ghlas agus gníomhartha le haghaidh laghdú in astaíochtaí carbóin a chur chun feidhme trí bhainistíocht dramhaíola a fheabhsú trí athchúrsáil a mhéadú, leanadh díobh sa bhliain 2024 ar aon dul leis an mbeartas Rialtais.

## Gníomhaíochtaí Soláthair

Ba ar aon dul le dlí an Aontais Eorpaigh agus le ciorcláin agus treoirlínte ón Rialtas a bhí an soláthar a rinneadh sa bhliain 2024. Féachann ÚRSD le tabhairt faoina sholáthar ar fad trí na Creat-Chomhaontuithe atá ar fáil tríd an Oifig um Sholáthar Rialtais, nuair is indéanta. Áiríodh na nithe seo a leanas leis an soláthar a rinneadh sa bhliain 2024:

1. **Sainchomhairleoir chun athbhreithniú a dhéanamh ar na Creataí Inniúlachta don oideachas Aturnaetha agus Abhcóidí.**
2. **Soláthar seirbhísí suirbhéireachta ar ghnólachtaí dlí le haghaidh anailís mhargaidh a dhéanamh ar Chomhpháirtíochtaí Dlí mar struchtúr nua gnó do sholáthraithe seirbhísí dlí.**
3. **Tacaí bainistíochta ócáide le haghaidh sheoladh an chreata rialála um Chomhpháirtíochtaí Dlí.**





## Íoc Pras Cuntas

Tá sé mar bheartas ag an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a chomhlíonadh ina n-iomláine. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag ÚRSD chun a chinntiú go n-íocfar gach sonrasc laistigh den teorainn ama reachtúil. Cé gur dearadh na nósanna imeachta chun comhlíonadh an Achta a chinntiú, ní thugtar leo ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, nach mbeidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta ann. Tabhaíodh pionóis íocaíochta déanaí i leith dhá shonrasc sa bhliain 2024.


## An Fhoireann Ardbhainistíochta

Tháinig an Fhoireann Ardbhainistíochta le chéile ocht n-uaire sa bhliain 2024 chun athbhreithniú a dhéanamh ar na mór-shaincheisteanna uile atá ábhartha d'oibriú éifeachtúil éifeachtach an Údaráis. Ceann de na príomhfhreagrachtaí atá ar an bhFoireann Ardbhainistíochta is ea faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ar na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Gnó Bliantúil do gach Rannóg a bhaint amach agus gníomhaíocht a bhrú chun cinn chun na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach 2022-2025 a bhaint amach.

**TÁBLA 10: Cruinnithe Fhoireann Ardbhainistíochta ÚRSD-LPDT, 2024**

| DÁTAÍ | NÓTAÍ AR PHRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ |
|---|---|
| 8 Eanáir 2024 | Díriú ar Phlean Gnó 2024 |
| 4 Márta 2024 | Anailís buiséid don bhliain 2024 |
| 29 Aibreán 2024 | Ceardlann le haghaidh na moltaí amuigh ón Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí a athbhreithniú |
| 13 Bealtaine 2024 | Cruinniú caighdeánach |
| 10 Meitheamh 2024 | Athbhreithniú Lárbhliana ar Phlean Gnó 2024 |
| 8 Iúil 2024 | Cruinniú caighdeánach |
| 16 Meán Fómhair 2024 | Athbhreithniú ar dhréacht-Bhuiséad 2025 |
| 16 Nollaig 2024 | Athbhreithniú deireadh bliana ar an bPlean Gnó |

# STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN








# AN FHOIREANN ARDBHAINISTÍOCHTA

## Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



### An Dr Brian Doherty
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

Is é Brian Doherty Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí. Glaodh chun an Bharra é sa bhliain 1996. Chleacht sé ar dtús i mBéal Feirste. Chuaigh sé isteach in Oifig an Ombudsman Póilíneachta do Thuaisceart Éireann ar bhunú na hOifige sa bhliain 2000. Bhí sé ar dhuine de na chéad imscrúdaitheoirí is sibhialtaigh, ag obair dó ar líomhaintí mí-iompair a rinneadh i gcoinne Chonstáblacht Ríoga Uladh ar dtús agus i gcoinne Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann ina dhiaidh sin. Sa bhliain 2007, thug sé faoin bpost mar oifigeach imscrúdaithe sinsearach i gCoimisiún Ombudsman an Gharda Síochána sular ceapadh é mar Leas-Stiúrthóir gníomhach Imscrúduithe. D'fhill sé ar Oifig an Ombudsman Póilíneachta do Thuaisceart Éireann sa bhliain 2014 chun an Stiúrthóireacht Imscrúduithe Reatha a reáchtáil. Chuaigh Brian i mbun an phoist mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar ÚRSD i mí Mheán Fómhair 2017.



### Ultan Ryan
**Rúnaí**

Chuaigh Ultan Ryan isteach sa Státseirbhís sa bhliain 1985 agus d'oibrigh sé don Phríomh-Oifig Staidrimh sular ghlac sé leis an ról mar anailísí córas sa Roinn Leasa Shóisialaigh sa bhliain 1992. D'aistrigh Ultan chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa bhliain 2000, áit ar oibrigh sé ar thionscadail Cheartais Trasteorann. Áiríodh leis na róil sin an ról mar Rúnaí don Choimisiún Cuimhneacháin. D'oibrigh Ultan mar bhainisteoir tionscadail agus mar bhainisteoir oibríochtaí leis an nGníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha sular aistríodh é chuig ÚRSD i mí Eanáir 2017.

## RANNÓG CUMARSÁIDE, TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHTA



### Nuala Haughey
**Ceann ar an Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta**

Ceapadh Nuala Haughey mar Cheann ar an Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta i mí na Samhna 2019. Tá cúlra Nuala fite fuaite san iriseoireacht agus san anailís beartais. Bhuaigh sí gradaim mar Chomhfhreagraí Gnóthaí Sóisialta do The Irish Times agus tá taithí fhairsing aici mar shainchomhairleoir cumarsáide leis an gCoimisiún Eorpach. D'oibrigh Nuala mar stiúrthóir cumarsáide polaitiúla, mar anailísí beartais agus mar thaighdeoir freisin.

## AN RANNÓG GEARÁN, IMSCRÚDUITHE AGUS RÉITEACH



### Tony Watson

**Ceann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach**

Chuaigh Tony Watson isteach in ÚRSD i mí Mheán Fómhair 2019 agus tá sé ar an gCeann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach. Cháiligh sé mar aturnae i Sasana agus d'oibrigh sé mar dhlítheoir i Londain. Bhog sé go hÉirinn sa bhliain 2005 agus chuaigh sé isteach sa Rannóg Gearán den Dlí-Chumann, áit a raibh sé ar an Leas-Cheann Gearán sula ndeachaigh sé isteach in ÚRSD. Tá taithí fhairsing ag Tony ar dhlíodóirí a rialáil agus ar ghearáin a imscrúdú agus a réiteach go háirithe.



### Eleanor Carmody

**Ceann ar an Aonad Gearán agus Réiteach**

Chuaigh Eleanor isteach in ÚRSD i mí Mheán Fómhair 2019 mar Oifigeach Réitigh Gearán, agus ceapadh í mar Cheann ar an Aonad Gearán agus Réiteach i mí Feabhra 2020. Cháiligh Eleanor mar aturnae sa bhliain 1999 agus d'oibrigh sí go príomha mar thíolacóir i gcleachtas ginearálta i Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí. Chuaigh sí isteach sa Dlí-Chumann sa bhliain 2008 agus d'oibrigh sí mar aturnae sa rannóg um Ghearáin agus Caidreamh Cliant, áit ar imscrúdaigh sí gearáin i gcoinne aturnaetha.

## AN RANNÓG SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA



### Deirdre Fleming

**Ceann ar an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha**

Ceapadh Deirdre Fleming mar Cheann ar an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha i mí Dheireadh Fómhair 2019. Tá taithí shuntasach ag Deirdre ar sheirbhísí corparáideacha agus ar airgeadas laistigh den earnáil phoiblí, lena n-áirítear i dTithe an Oireachtais, sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí agus, rud ba dhéanaí fós, in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.



Tuarascáil Bhliantúil 2024 | ÚRSD

## AN RANNÓG SEIRBHÍSÍ DLÍ, TOBHAIGH AGUS CLÁRÚCHÁIN



### Alison McIntyre

**Ceann ar an Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin**

Ceapadh Alison Emily McIntyre mar Cheann ar an Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus chuaigh sí i mbun an róil sin i mí an Mhárta 2020. Roimhe sin, bhí Alison ina Coimisinéir Cúnta leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn, áit ar oibrigh sí mar chomhairleoir dlí agus mar Oifigeach Cosanta Sonraí. Tá taithí ag Alison ar obair a dhéanamh sa chleachtadh príobháideach agus in eagraíochtaí earnála poiblí.



### Padraig Langan

**Ceann ar an Aonad Clárúcháin, Tobhaigh agus Táillí**

Ceapadh Padraig Langan mar Cheann ar an Aonad Clárúcháin, Tobhaigh agus Táillí i mí Iúil 2018. Roimhe sin, d'oibrigh Padraig sa Phreasoifig sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Roimhe sin fós, d'oibrigh sé sa Rannóg Beartais Feola agus Bainne sa Roinn, áit ar ghnóthaigh sé taithí ar a bheith ag obair ar shaincheisteanna beartais. Tá Padraig ag obair san earnáil phoiblí le breis agus fiche bliain anuas.

## AN tAONAD TACAÍOCHTA DON BHINSE ARAÍONACHTA DLÍ-CHLEACHTÓIRÍ



### Kay Lynch

**Cláraitheoir ar an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí**

Ceapadh Kay Lynch mar Chláraitheoir ar an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí i mí Mheán Fómhair 2019. Sular ceapadh í, d'oibrigh Kay mar fheidhmeannach leis an mBinse Araíonachta Aturnaetha ón mbliain 2014 i leith. Is aturnae cáilithe í agus tá dioplómaí aici i Rialáil Ghairmiúil (an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath) agus i Scileanna Breithiúnacha agus Cinnteoireacht (Dlí-Chumann na hÉireann).

# Aguisín I:
# PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ SA BHLIAIN 2023

| DÁTA | PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT |
|---|---|
| 18 Eanáir | An 40ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 22 Eanáir | Cruinniú leis an Dlí-Chumann maidir le nithe rialála |
| 31 Eanáir | Cruinniú le Barra na hÉireann ar an tobhach |
| 2 Feabhra | Cruinniú Aistrithe Freagrachta na hÉireann-na hAstráile le haghaidh Chomhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí, 2024 |
| 3 Feabhra | Thug an Ceann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach láithreoireacht ar Eitic agus Iompar do mhic léinn ar Chúrsaí Cleachtais Ghairmiúil i bPlás Blackhall |
| 7 Feabhra | Cruinniú le hionadaithe ón Aontas Eorpach maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil ar an Smacht Reachta |
| 8 Feabhra | Cruinniú leis an Dlí-Chumann maidir le foilsiú na bhfionnachtana ó LPDT |
| 9 Feabhra | An chéad Chruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2024 |
| 8 Márta | Cuireadh tús le cruinnithe le soláthraithe árachais maidir le ceanglais árachais slánaíochta gairmiúla d'abhcóidí agus do chomhpháirtíochtaí dlí |
| 11 Márta | Cruinniú dréachtaithe le habhcóidí maidir leis na rialacháin maidir le comhpháirtíochtaí dlí |
| 20 Márta | Cruinniú rialachais leis an Roinn Dlí agus Cirt |
| 21 Márta | An 41ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 22 Márta | D'fhreastail baill d'Fhoireann Ardbhainistíochta ÚRSD ar Chomhdháil na Roinne Dlí agus Cirt, Caisleán Bhaile Átha Cliath |
| 22 Márta | An dara Cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2024 |
| 26 Márta | Thosaigh ÚRSD comhairliúchán spriocdhírithe ar an gcreat rialála um chomhpháirtíochtaí dlí |
| 10 Aibreán | Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin láithreoireacht do Chruinniú Bliantúil Aturnaetha Bainistíochta an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil i gCill Chainnigh |





| DÁTA | PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT |
|---|---|
| 11 Aibreán | Foilsíodh an tuarascáil ó ÚRSD ar thíolacadh, lenar áiríodh moltaí faoi alt 34 den Acht |
| 12 Aibreán | Cruinniú leis an Dlí-Chumann maidir le nithe rialála |
| 23 Aibreán | D'fhreastail an Ceann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach agus an Ceann ar an Aonad ar an bhFóram um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh de Rialálaithe Éireannacha |
| 26 Aibreán | Foilsíodh an chéad Tuarascáil ar Ghearáin sa bhliain 2024 ó ÚRSD faoi alt 73 den Acht |
| 29 Aibreán | Cuireadh Tuarascáil Bhliantúil ÚRSD do 2023 faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart |
| 7 Bealtaine | Cruinniú leis an Rialálaí Cearrbhachais maidir le Rialacháin agus le hIonstraimí Reachtúla |
| 9 Bealtaine | Cruinniú Iomlánach de chuid an Choiste um Ghearáin, ar lena linn a thug Barry Quirke ó Oifig an Ombudsman caint |
| 16 Bealtaine | Cruinniú dréachtaithe maidir leis an gCód Cleachtais d'Abhcóidí Cleachtacha |
| 24 Bealtaine | An tríú Cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2024 |
| 28 Bealtaine | D'fhreastail Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ÚRSD ar imeachtaí chun comóradh céad bliain bhunú Chúirteanna na hÉireann a cheiliúradh |
| 29 Bealtaine | D'fhreastail foireann ÚRSD ar an Lá Foirne Uile i mBaile Átha Cliath |
| 13 Meitheamh | D'fhreastail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar dhinnéar bliantúil Uachtarán Bharra na hÉireann |
| 18 Meitheamh | Láithrigh ÚRSD os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart |
| 20 Meitheamh | An 42ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 27 Meitheamh | Cruinniú leis an Dlí-Chumann maidir le nithe rialála |
| 3 Iúil | D'fhreastail an Ceann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach agus an Ceann ar an Aonad ar an bhFóram um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh de Rialálaithe Éireannacha |

| DÁTA | PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT |
|---|---|
| 5 Iúil | Cruinniú le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann maidir le nithe a bhaineann leis an oideachas agus an oiliúint dlí-chleachtóirí |
| 10 Iúil | Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil 2024 ó ÚRSD |
| 15 Iúil | Cruinniú le hionadaithe ón Roinn Dlí agus Cirt maidir le nithe a bhaineann leis an oideachas agus an oiliúint dlí-chleachtóirí |
| 16 Iúil | Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Ceann ar an Aonad Tobhaigh aitheasc do Chomhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath ar thabhairt isteach Comhpháirtíochtaí Dlí |
| 17 Iúil | Foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil 'Pathways to the Professions' ó ÚRSD maidir le Glacadh, 2023 |
| 21 Iúil | Cruinniú le Barra na hÉireann maidir leis an ngrúpscéim Árachais Slánaíochta Gairmiúla |
| 20 Lúnasa | Foilsíodh na dréachtrialacháin maidir le comhpháirtíochtaí dlí |
| 12 Meán Fómhair | An 43ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 13 Meán Fómhair | Cruinniú leis an Dlí-Chumann maidir le nithe rialála |
| 18 Meán Fómhair | D'fhoilsigh ÚRSD tuarascáil ar bhacainní eacnamaíocha agus eile ar aturnaetha agus abhcóidí atá tar éis a ngairm a thosú, mar aon le moltaí le haghaidh athchóirithe |
| 19 Meán Fómhair | Cruinniú rialachais leis an Roinn Dlí agus Cirt |
| 26 Meán Fómhair | Shínigh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Cathaoirleach ÚRSD na Rialacháin maidir le Dlí-Chleachtóirí, le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta agus le hÁrachas Slánaíochta Gairmiúla |
| 26 Meán Fómhair | Thug Foireann Ardbhainistíochta ÚRSD seimineár Gréasáin ar na ceachtanna agus na téamaí a eascraíonn as gearáin do Chomhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath |
| 1 Deireadh Fómhair | Tháinig comhpháirtíochtaí dlí i bhfeidhm mar struchtúr malartach gnó |
| 2 Deireadh Fómhair | D'fhreastail an Ceann ar an Aonad Gearán ar chomhdháil dlíodóirí Inmheánacha agus Earnála Poiblí |





| DÁTA | PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT |
|---|---|
| 7 Deireadh Fómhair | D'fhreastail coiste feidhmiúcháin ÚRSD ar oiliúint i Nochtadh Cosanta |
| 8 Deireadh Fómhair | Chuir ÚRSD ócáid seolta ar siúl le haghaidh an struchtúir mhalartaigh gnó comhpháirtíochtaí dlí |
| 30 Deireadh Fómhair | Foilsíodh an dara Tuarascáil ar Ghearáin sa bhliain 2024 ó ÚRSD faoi alt 73 den Acht, lenar áiríodh achoimre agus staitisticí le haghaidh na gcéad chúig bliana d'imscrúduithe ar ghearáin |
| 31 Deireadh Fómhair | Foilsíodh an Plean Cur Chun Feidhme um Dheireadh a Chur le Bacainní ó ÚRSD |
| 14 Samhain | Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin láithreoireacht do chéimithe Chumann Onórach Óstaí an Rí |
| 15 Samhain | Cruinniú leis an Dlí-Chumann maidir le nithe rialála |
| 20 Samhain | Shocraigh ÚRSD foilsiú torthaí an Bhinse Araíonachta i ngearáin faoi mhí-iompar ar seasadh leo ar shuíomh Gréasáin LPDT |
| 20 Samhain | Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin láithreoireacht do mhic léinn i gCumann Onórach Óstaí an Rí |
| 26 Samhain | D'fháiltigh ÚRSD roimh an gcéad ghnólacht dlí comhpháirtíochta dlí de chuid na hÉireann riamh |
| 1 Nollaig | D'óstáil ÚRSD seisiún faisnéise beo ar líne do dhlíodóirí maidir le comhpháirtíochtaí dlí |
| 5 Nollaig | D'fhreastail foireann ÚRSD ar an Lá Foirne Uile i mBaile Átha Cliath |
| 12 Nollaig | Cheap an Rialtas ochtar comhaltaí chuig ÚRSD, lenar n-áiríodh cathaoirleach nua |
| 12 Nollaig | Thug Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ÚRSD láithreoireacht ag imeacht Forbartha Gairmiúla agus Folláine Aturnaetha Chomhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath |
| 19 Nollaig | Cruinniú le Barra na hÉireann |
| 20 Nollaig | Rinneadh an chéad iniúchadh ar ghnólacht dlí faoi Chuid 3 den Acht |

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí
Legal Services Regulatory Authority

# ÁR gCULTÚR SAN ÁIT OIBRE



An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí
Legal Services Regulatory Authority

*An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí*
*Aonad 1-3, Páirc Ghnó Shráid an Mhainéir*
*Bóthar na gCloch, Baile Átha Cliath 7*

| | |
|---|---|
| *Postchód:* | *D07 K290* |
| *Ríomhphost:* | *lsra-inbox@lsra.ie* |
| *Suíomh Gréasáin:* | *www.lsra.ie* |
| *Twitter/X:* | *@LSRAIreland* |
| *LinkedIn:* | *@LSRA* |